



Standards in Public Office Commission  
Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

Tuarascáil Bhliantúil 2009

An Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí  
18 Sráid Líosain Íochtarach, Baile Átha Cliath 2.

Teil: (01) 6395666  
Facs: (01) 6395684  
Rphost: [sipo@sipo.gov.ie](mailto:sipo@sipo.gov.ie)  
Suíomh idirlín: [www.sipo.gov.ie](http://www.sipo.gov.ie)

PRN: A10/0224  
ISSN: 2009-3217



Standards in Public Office Commission  
Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí

## Tuarascáil Bhliantúil 2009

## Clár

Brollach	5
Na Comhaltaí	6
Réamhrá leis an gCathaoirleach	7

## Caibidil 1 - Obair an Choimisiúin um Chaighdeán 10

Na hAchtanna um Eitic	10
Achtanna Toghcháin	14
An tAcht um Liúntas Ceannairí Páirtí	15

## Caibidil 2 - An Eitic 18

An tlonracas a Chinntiú sa tSeirbhís Phoiblí	18
Ag Nochtadh Gníomhartha Éigearta	18
Oifigeach Fiosrúcháin	21
Creatlaí um Eitic arb Ionann a bhForálacha	24
Ráiteas Ardleibhéil maidir le Prionsabail Eitice	24
Gearáin	26
Comhairle Baile Chill Airne	26
Úsáid Áiseanna an Oireachtais	27
Daoine Bainteacha	27
Raon Feidhme na nAchtanna um Eitic	29
Creatlach um Eitic don tSeirbhís Rialtais Áitiúil	30
Cóid Iompraíochta	30
Dliteanais a Nochtadh	31

## Caibidil 3 – Cúrsaí Toghcháin 34

Trédhearcacht maidir le maoiniúchán páirtithe polaitíochta	34
Meastóireacht GRECO ar an trédhearcacht maidir le maoiniúchán páirtithe polaitíochta	37
Síntiúis a Nochtadh i leith 2009	38
Síntiúis a nocht Teachtaí Dála, Seanadóirí agus Feisirí Eorpacha	38
Síntiúis a nocht deontóirí aonair	39
Síntiúis a nocht páirtithe polaitíochta	39
Maoirseacht ar an toghchán do Pharlaimint na hEorpa agus ar na fothoghcháin don Dáil	40
Tuairisceáin ó na hAonaid Chuntasaíochta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008	41
Triú Páirtithe	42
Maoiniú páirtithe polaitíochta ag an Stáitchiste	44

## Aguisíní 45

Aguisín 1: Costais in 2009	46
Aguisín 2: Foilseacháin de chuid an Choimisiúin um Chaighdeán in 2009	47
Aguisín 3: Gluais Téarmaí	48
Aguisín 4: Moltaí le haghaidh athruithe	52



## **Brollach**

De réir fhorálacha alt 27(2)(a) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995, is mór agam Tuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin um Chaighdeán in Oifigí Poiblí i gcomhair 2009 a chur ar fáil don Aire Airgeadais.

---

M. P. Smith, Breitheamh  
Cathaoirleach  
An Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí

Meitheamh 2010

## Na Comhaltaí



An Breitheamh M.P. Smith  
Cathairleach



Michael Smith  
Iar-Theachta Dála




Deirdre Lane  
Cleireach Sheanad Éireann



John Buckley  
Ard-Reachtair Cuntas  
agus Ciste



Emily O'Reilly  
Ombudsman



Keiran Coughlan  
Cleireach Dháil Éireann

## Réamhrá leis an gCathaoirleach

Is í 2011 an deichiú bliain ó aghaidh an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus ó bunaíodh an Coimisiún um Chaighdeáin. Is tráthúil, mar sin, go mbreathnódh lucht an Choimisiúin ar a gcuid oibre agus ar éifeachtacht na hoibre sin go grinn. Tá sé sin ar cheann de na tascanna atá leagtha amach dúinn féin don bhliain atá le teacht.

Foilsíodh dhá staidéar i mí na Samhna 2009 maidir le dearcaí ar an gcaimiléireacht agus is cosúil go raibh torthaí na staidéar sin ag teacht salach ar a chéile. Cé gur chosúil go gcreideann an chuid eile den domhan go raibh feabhas curtha ag Éirinn ar an áit a bhí ag an tír ar innéacs lenar tomhaiseadh braistintí faoin gcaimiléireacht, is cosúil go raibh dearcadh an-difriúil ina leith sin ag muintir na hÉireann féin. I dtuarascálacha roimhe seo, leag mé béim ar thábhacht bhraistintí idirnáisiúnta faoi Éirinn agus is údar áthais don Choimisiún um Chaighdeáin gur chosúil go bhfuilimid ag dul i bhfeabhas ar an innéacs seo maidir le braistintí faoin gcaimiléireacht. Rud fíorthábhachtach freisin, áfach, is ea an iontaoibh atá ag saoránaigh inár bhforais ach is cosúil gur laghdaíodh an iontaoibh sin go mór le cúpla bliain anuas agus cásanna inar theip ar an rialachas le feiceáil inár n-earnáil phoiblí agus inár n-earnáil phríobháideach araon.

Thuairiscigh *Transparency International* gur léiríodh lena Innéacs um Braistintí faoin gCaimiléireacht go raibh scór na hÉireann dultha in airde ó 7.7 an bhliain roimhe go dtí 8 as 10 in 2009 agus gur tháinig feabhas ar an áit a bhí againn ón 16ú háit ar an innéacs go dtí an 14ú háit – rud a d'fhág, i suirbhé ar 180 tír, go raibh Éire ar an 14ú tír ar domhan ina raibh an méid caimiléireachta is lú. Fágann sé sin go bhfuil Éire san áit cheannann chéanna is atá an Ghearmáin ar an innéacs agus is í an áit is airde dá bhfuil bainte amach ag Éirinn ó 1998.

Ba é suirbhé Eorabharaiméadair 72.2 an Choimisiúin Eorpaigh i mí na Samhna 2009 ar Dhearcaí Mhuintir na hEorpa faoin gCaimiléireacht an dara staidéar. I suirbhé cuimsitheach ar an 27 ballstát, bhí claonadh ag 78% díobh siúd a cuireadh

faoi agallamh le bheith ag aontú leis an ráiteas gurbh fhadhb mhór ina dtír féin í an chaimiléireacht. D'aontaigh 85% de na daoine in Éirinn a ghlac páirt sa suirbhé leis an ráiteas sin; méadú sé phointe chéatadánacha ar an suirbhé a rinneadh roimhe in 2007. D'aontaigh 87% de mhuintir na hÉireann go raibh caimiléireacht ar bun inár bhforais náisiúnta, méadú 12 phointe chéatadánacha ar 2007, rud atá údar imní dúinn. In 2007, chreid 63% de na daoine a ghlac páirt sa suirbhé in Éirinn gur chleachtas forleathan i measc polaiteoirí ar leibhéal náisiúnta mí-úsáid a bhaint as cumhacht ar mhaithe le sochar pearsanta agus a bheith ag tabhairt agus ag glacadh le breabanna. Bhí an figiúr sin dulta in airde go dtí 71% i suirbhé 2009.

Léirítear go soiléir leis na staitisticí sin gur mithid dúinn seachaint nach mbeimid bogásach i ndáil lenár ngníomhaíochtaí frith-chaimiléireachta agus gur gá leanúint ar aghaidh lenár gcreatlaí dlí agus rialála araon a láidriú. Foilsíodh roinnt staidéar eile a bhí an-úsáideach i rith na bliana agus tagraímid dóibh sa tuarascáil seo. Ina measc siúd, tá tuarascáil GRECO ó Chomhairle na hEorpa faoin trédhearcacht maidir le maoiniúchán páirtithe polaitíochta in Éirinn, ábhar a thagann faoi réim an Choimisiúin um Chaighdeán, agus pléitear le tuarascáil GRECO níos déanaí sa tuarascáil seo. Foilsíodh staidéir idirnáisiúnta eile freisin - an *National Integrity System Study* le *Transparency International* agus staidéar “*Alternative to Silence*” de chuid na heagraíochta sin, ar tuarascáil í ina bpléitear an chosaint a thugtar do dhaoine i 10 dtír san Eoraip, Éire san áireamh, a nochtann gníomhartha éigearta.

Chomh maith le tuairisc ghairid a thabhairt ar ghníomhaíochtaí an Choimisiúin um Chaighdeán in 2009, díritear sa tuarascáil seo ar roinnt réimsí a chreidimid go gcaithfear dul i ngleic leo chun an t-ionracas a chinntiú inár seirbhísí poiblí. Tá an t-athchóiriú ar mhaoiniúchán páirtithe polaitíochta i measc na réimsí sin chomh maith leis an gcosaint a thugtar do dhaoine a nochtann gníomhartha éigearta agus cumhachtaí an Choimisiúin um Chaighdeán féin.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo Chomhchoimisinéirí as a rannchuidiú i rith na bliana. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann ár rúnaíochta agus lenár rúnaí as a gcuid oibre i rith 2009 freisin.





# Caibidil 01

## Caibidil I - Obair an Choimisiúin um Chaighdeáin

### Tá ról maoirseachta ag an gCoimisiún um Chaighdeáin faoi -

- an tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995, arna leasú leis an Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001, (na hAchtanna um Eitic);
- an tAcht Toghcháin 1997, arna leasú, (na hAchtanna Toghcháin);
- an tAcht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú) 2001, (an tAcht um Liúntas Ceannairí Páirtí).

Tugtar tuairisc ghairid sa chaibidil seo ar phríomhghnéithe na reachtaíochta agus ar na feidhmeanna a chomhlíonann an Coimisiún um Chaighdeáin.

### Na hAchtanna um Eitic

#### Raon Feidhme na nAchtanna um Eitic

Is é an príomhrud ar a ndírítear san Acht socrú a dhéanamh chun leasanna a nochtadh, lena n-áirítear aon fhachtóirí ábhartha a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar Aire Rialtais nó ar Aire Stáit, ar chomhalta de Thithe an Oireachtais nó ar fhostaí sa tseirbhís phoiblí le linn dóibh a bheith ag comhlíonadh a gcuid dualgas oifigiúil. Is é príomhchuspóir na reachtaíochta go léireofar nach bhféachfaidh daoine a ghlacann páirt sa saol poiblí le buntáiste pearsanta a bhaint as torthaí a ngníomhartha. Chun an cuspóir sin a chomhlíonadh, tá creatlach reachtúil curtha i bhfeidhm chun an próiseas lena nochtáitear leasanna a rialáil agus lena chinntiú go ndéantar bearta eile ionas go gcomhlíonfar raon leathan na n-oibleagáidí a thagann chun cinn faoin reachtaíocht. Tá an reachtaíocht bunaithe ar an bprionsabal go nglactar leis gur daoine ionraice daoine a ghlacann páirt sa saol poiblí ach aithnítear leis an reachtaíocht gur cheart go mbeadh bearta sonracha ann chun bheith mar bhonn agus mar thaca leis an bpróiseas leis an reachtaíocht a chomhlíonadh.

Ní mór do chomhaltaí uile dhá Theach an Oireachtais, don Ard-Aighne agus do dhaoine a cheaptar in oifigí sinsearachta i gcomhlachtaí poiblí fianaise gur

comhlíonadh oibleagáidí cánach a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin freisin. Éilítear leis an reachtaíocht freisin go n-ullmhófar cóid iompraíochta do ghnáthchomhaltaí na dTithe, do shealbhóirí oifige (féach ar an sainmhíniú in Aguisín 3) agus d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí.

Tá ról ag an gCoimisiún um Chaighdeáin i ndáil leis an gCreatlach um Eitic don tSeirbhís Rialtais Áitiúil freisin a ndearnadh socrú di i gCuid 15 den Acht Rialtais Áitiúil 2001. Ní mór don Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil dul i gcomhairle leis an gCoimisiún i ndáil leis na cóid iompraíochta do chomhaltaí na n-údarás áitiúil nó d'fhostaithe na n-údarás áitiúil. Is féidir leis scrúdú a dhéanamh freisin ar ghearáin maidir le Cuid 15 a bheith sáraithe ag comhaltaí nó fostaithe na n-údarás áitiúil.

### **Feidhmeanna an Choimisiúin um Chaighdeáin faoi na hAchtanna um Eitic**

Is iad príomhfeidhmeanna an Choimisiúin um Chaighdeáin comhairle agus treoirínite a sholáthar maidir leis na hAchtanna um Eitic a chomhlíonadh, an próiseas lena nochtáitear leasanna a riaradh chomh maith leis na réimis um imréiteach cánach agus imscrúdú a dhéanamh ar chásanna maidir le daoine a bhféadfadh an reachtaíocht a bheith sáraithe acu agus tuairisc a thabhairt ina dtaobh sin. Baineann na feidhmeanna sin de chuid an Choimisiúin um Chaighdeáin le sealbhóirí oifige agus le fostaithe sa tseirbhís phoiblí agus, i ndáil leis na bearta maidir le hoibleagáidí cánach a chomhlíonadh, le comhaltaí uile Thithe an Oireachtais. Seachas cúrsaí a bhaineann le himréiteach cánach, tá feidhmeanna ag na Coistí um Leasanna Comhaltaí, atá sa dá Theach den Oireachtas, atá cosúil leis na feidhmeanna de chuid an Choimisiúin um Chaighdeáin a bhaineann le comhaltaí na dTithe nach sealbhóirí oifige iad.

### **Ráitis maidir le Leasanna**

Faoi fhorálacha na hAchtanna um Eitic maidir le leasanna a nochtadh, soláthraíonn an Coimisiún um Chaighdeáin foirmeacha le haghaidh na ráiteas bliantúil maidir le leasanna incláraithe do chomhaltaí an Oireachtais, a bhfuil sé de cheangal orthu ráiteas maidir le haon leasanna incláraithe a chur ar fáil don Choimisiún. Cuireann an Coimisiún na ráitis sin ar aghaidh chuig Cléireach Dháil Éireann nó chuig Cléireach Sheanad Éireann de réir mar is cuí, a fhoilsíonn cláir leasanna na gcomhaltaí.

Éilítear leis na hAchtanna um Eitic freisin go gcuirfidh sealbhóirí oifige (i ndáil le leasanna céile, linbh nó linbh céile), an tArd-Aighne, stiúrthóirí ainmnithe (féach ar an sainmhíniú in Aguisín 3) agus comhairleoirí speisialta ráitis maidir le leasanna ar

fáil don Choimisiún um Chaighdeáin. Faigheann an Coimisiún um Chaighdeáin breis is 3,000 ráiteas gach bliain. Riarann an Rúnaíocht an próiseas maidir leis na ráitis sin a fháil agus a choinneáil, agus seolann ráitis mhíchearta ar ais chuig daoine lena leasú freisin.

### **Cóid Iompraíochta**

Téitear i gcomhairle leis an gCoimisiún um Chaighdeáin maidir le Cóid Iompraíochta a bheartaítear faoin Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 agus ceanglaítear ar an gCoimisiún aon chóid den sórt sin a ghlactar faoin reachtaíocht a fhoilsiú.

### **Imréiteach Cánach**

Ceanglaítear ar chomhaltaí an Oireachtais nuair a thoghtar iad, ar fhostaithe sinsearacha sa tseirbhís phoiblí agus ar stiúrthóirí nuair a cheaptar in 'oifig shinsearach' iad dearbhú reachtúil a sholáthar chomh maith le deimhniú imréitigh cánach nó ráiteas iarratais don Choimisiún um Chaighdeáin faoi cheann 9 mí ó thráth a dtofa nó a gceaptha. Riarann an Rúnaíocht na forálacha maidir le himréiteach cánach, cuireann na hoibleagáidí atá ar chomhaltaí tofa agus ar dhaoine a cheaptar in oifig shinsearach faoin reachtaíocht in iúl dóibh nuair a fhógraíonn comhlachtaí poiblí a gceapacháin don Choimisiún agus cinntíonn an Rúnaíocht go gcomhlíontar na ceanglais. Déantar socrú leis an reachtaíocht chun cásanna ina sáraítear an reachtaíocht a imscrúdú agus tuairisc a thabhairt i ndáil leo.

### **Treoirínite**

Foilsíonn an Coimisiún um Chaighdeáin treoirínite reachtúla do dhaoine a bhfuil oibleagáidí orthu faoin reachtaíocht maidir le forálacha na nAchtanna um Eitic a chomhlíonadh. Ceanglaítear ar na daoine sin gníomhú de réir na dtreoirínite ach amháin sa chás go sárófaí foráil eile sna hAchtanna um Eitic dá ndéanfaí an gníomh atá i gceist. Déantar athbhreithniú ar na treoirínite go tráthrialta chun leasuithe a dhéantar ar fhorálacha na reachtaíochta a chur san áireamh nó cúrsaí atá tagtha chun cinn ó foilsíodh an t-eagrán roimhe a shoiléiriú. Tá treoirínite foilsithe ag an gCoimisiún um Chaighdeáin do shealbhóirí oifige agus d'fhosaithe sa tseirbhís phoiblí. Tá siad sin le fáil ar a shuíomh idirlín. Foilsíonn an Coiste ábhartha um Leasanna Comhaltaí treoirínite do chomhaltaí an Oireachtais nach sealbhóirí oifige iad.

### **Comhairle**

Tarmligeann an Coimisiún um Chaighdeáin freagracht chun comhaltaí ainmnithe d'fhoireann na Rúnaíochta chun comhairle a sholáthar do dhaoine a iarrann í i ndáil lena n-oibleagáidí reachtúla faoi na hAchtanna um Eitic. Ceanglaítear ar na daoine

sin gníomhú de réir na comhairle a thugtar ach amháin sa chás go sárófaí foráil eile sna hAchtanna um Eitic dá ndéanfaí an gníomh atá i gceist. Nuair a iarrtar amhlaidh, ní mór comhairle a sholáthar faoi cheann 21 lá nó, de rogha air sin, féadfaidh an Rúnaíocht diúltú comhairle a thabhairt. De ghnáth, is i scríbhinn a sholáthrófar aon chomhairle shubstainteach.

### **Gearáin**

Féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin gearáin a fháil faoi chás inar sháraigh sealbhóir oifige, an tArd-Aighne, stiúrtóir ainmnithe, fostaí ainmnithe nó comhairleoir speisialta na hAchtanna um Eitic. Féadfaidh sé gearáin a fháil faoi 'ghníomh sonraithe' a rinne 'duine sonraithe' (féach ar na sainmhínithe in Aguisín 3). Féadfaidh sé gearáin a fháil faoi chás inar sháraigh comhalta nó fostaí údarais áitiúil Cuid 15 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 freisin. Ní féidir leis glacadh le gearáin faoi chomhalta de chuid an Oireachtais nach sealbhóir oifige é nó í, toisc go bhforáiltear leis an reachtaíocht nach mór gearán den sórt sin a dhéanamh le Cléireach Dháil Éireann nó le Cléireach Sheanad Éireann de réir mar is cuí, a bhreithneoidh cibé acu ar chóir an gearán a chur ar aghaidh chuig an gCoiste ábhartha um Leasanna Comhaltaí.

Féadfaidh duine ar bith gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaighdeáin faoi na teidil thuas, cé go ndéantar socrú ar leith sa reachtaíocht maidir le gearán ó chatagóirí áirithe daoine, amhail comhaltaí, Airí nó ceannasaithe comhlachtaí.

Ar an gCoimisiún gearán d'fháil, féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin breithniú cibé acu an bhfuil údar ann le himscrúdú faoin reachtaíocht. Féadfaidh sé amhlaidh a dhéanamh ar bhonn na fianaise a bheidh ar fáil dó. Féadfaidh sé Oifigeach Fiosrúcháin a cheapadh freisin chun cabhrú leis an chás a bhreithniú trí réamhfiosrúchán a dhéanamh. Féadfaidh an tOifigeach Fiosrúcháin ráiteas a lorg ón ngearánaí agus/nó agallamh a chur air/uirthi agus ráiteas a lorg ón duine a ndearnadh an gearán ina c(h)oinne nó ó dhuine ar bith eile a mbeadh nó a bhféadfadh a f(h)ianaise a bheith bainteach leis an bhfiosrúchán, dar leis an Oifigeach Fiosrúcháin. Féadfaidh an tOifigeach Fiosrúcháin agallamh a chur ar an duine a ndearnadh an gearán ina c(h)oinne nó ar dhuine ar bith eile mar a leagadh amach thuas freisin. Féadfaidh sé nó sí iarraidh go dtabharfaí aon cháipéisí a mheastar a bheith bainteach leis an bhfiosrúchán ar aird freisin. Tar éis an fhiosrúcháin sin, ceanglaítear ar an Oifigeach tuairisc a ullmhú maidir le torthaí an fhiosrúcháin agus an tuairisc sin a chur ar fáil, in éineacht le haon ráitis agus cáipéisí eile a cuireadh ar fáil don oifigeach i rith an fhiosrúcháin. Ní mór gan aon "cinneadh nó torthaí de bharr an fhiosrúcháin" a bheith sa tuairisc ach, má iarrann an Coimisiún amhlaidh, léireofar tuairim an oifigigh sa tuairisc maidir le cibé acu an bhfuil fianaise *prima facie* ann mar bhonn leis an ngearán.

### **Fiosrúcháin a Dhéanaimid ar ár gConlán Féin**

Le cois gearáin a fháil, is féidir leis an gCoimisiún um Chaighdeáin cinneadh a dhéanamh imscrúdú a thionscnamh maidir le cás inar sáraíodh na hAchtanna um Eitic nó Cuid 15 den Acht Rialtais Áitiúil nó maidir le 'gníomh sonraithe', i gcás go measann sé gur cuí amhlaidh a dhéanamh. Cé nach bhfuil forálacha sonracha sa reachtaíocht maidir leis sin, ní dhéanfaidh an Coimisiún amhlaidh ach amháin sa chás go measfaidh sé go raibh fianaise prima facie ann gur sáraíodh an reachtaíocht nó go ndearnadh 'gníomh sonraithe'. Agus an Coimisiún ag breithniú cibé acu an bhfuil údar ann le himscrúdú agus gan gearán a bheith déanta, níl sé de chumhacht ag an gCoimisiún um Chaighdeáin Oifigeach Fiosrúcháin a cheapadh chun cabhrú leis ina chuid breithniúchán.

### **Imscrúduithe**

Nuair a chinneann sé amhlaidh a dhéanamh, déanfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin imscrúdú de réir fhorálacha na nAchtanna um Eitic. Foráiltear leis an reachtaíocht go reáchtáilfidh an Coimisiún suíonna chun críocha imscrúdú agus go bhféadfaidh sé aighneachtaí agus fianaise a fháil de réir mar is cuí dar leis ag na suíonna sin. Déantar socrú chun finnéithe a chroscheistiú. Nuair a chuirtear clabhsúr le himscrúdú, ullmhaíonn an Coimisiún um Chaighdeáin tuairisc faoi thoradh an imscrúdaithe, a sholáthraítear do na páirtithe leasmhara agus do dhaoine eile a shonraítear sa reachtaíocht.

## **Achtanna Toghcháin**

### **Léargas Ginearálta ar na hAchtanna Toghcháin**

Áirítear ar chuspóirí na nAchtanna Toghcháin socrú a dhéanamh chun síntiúis chun críocha polaitíochta a nochtadh, chun caiteachas iarrthóirí agus páirtithe polaitíochta ag toghcháin a rialáil, chomh maith le socrú a dhéanamh maidir le híocaíochtaí do pháirtithe polaitíochta agus d'iarrthóirí.

### **Feidhmeanna an Choimisiúin um Chaighdeáin faoi na hAchtanna Toghcháin**

Ceanglaítear leis na hAchtanna Toghcháin ar an gCoimisiún um Chaighdeáin monatóireacht a dhéanamh ar na cúrsaí seo a leanas, agus i gcás gur cuí leis amhlaidh a dhéanamh, tuairisciú chuig Cathaoirleach Dháil Éireann maidir le nithe a bhaineann leis na cúrsaí seo a leanas -

- síntiúis pholaitíochta a bheith á nglacadh agus á nochtadh ag páirtithe polaitíochta, ag comhaltaí dhá Theach an Oireachtais agus Pharlaimint na hEorpa agus ag iarrthóirí ag toghcháin Dála, Seanaid, Pharlaimint na hEorpa agus uachtaránachta;

- speansais toghcháin a bheith á dteorannú, á nochtadh agus á n-aisíoc;
- cuntais síntiús polaitíochta a bheith á n-oscailt agus á gcoinneáil ar bun;
- páirtithe polaitíochta cáilithe a bheith á maoiniú ag an Stát;
- clárú “tríú páirtithe” (.i. grúpaí feachtais/stocaireachta nó pearsana aonair) a ghlacann le síntiús chun críocha polaitíochta os cionn luach €126.97) agus daoine eile.

Féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin cibé fiosrúcháin is gá a dhéanamh agus a chuid feidhmeanna reachtúla faoi na hAchtanna Toghcháin á bhfeidhmiú aige.

Ceanglaítear ar an gCoimisiún um Chaighdeáin, ó am go chéile, treoirlínte a dhréachtadh agus a fhoilsiú agus comhairle a sholáthar maidir leis an reachtaíocht a chomhlíonadh, do dhaoine a thagann faoi chuimsiú fhorálacha na nAchtanna Toghcháin. Ní mór do dhuine gníomhú de réir treoirlínte a fhoilsíonn an Coimisiún um Chaighdeáin nó comhairle a thugann sé, ach amháin sa chás go mbeadh sé nó sí ag sárú foráil eile sna hAchtanna Toghcháin.

Ceanglaítear ar an gCoimisiún um Chaighdeáin éascú le duine ar bith iniúchadh agus cóipeáil a dhéanamh ar Ráitis Síntiús, Ráitis Speansas Toghcháin, srl. a chuirtear ar fáil dó faoin reachtaíocht.

## **An tAcht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú) 2001, (an tAcht um Liúntas Ceannairí Páirtí)**

### **Léargas Ginearálta ar an Acht um Liúntas Ceannairí Páirtí**

Déantar socrú leis an reachtaíocht um Liúntas Ceannairí Páirtí chun liúntas bliantúil a íoc le ceannairí parlaiminte páirtithe polaitíochta cháilithe i ndáil le speansais a thagann de bharr ghníomhaíochtaí parlaiminte an pháirtí, lena n-áirítear taighde. Bíonn an tsuim a íoctar bunaithe ar ionadaíocht an pháirtí i nDáil agus i Seanad Éireann. Laghdaítear an liúntas i gcás go ndéanann páirtí cuid den rialtas. Tá na “gníomhaíochtaí parlaiminte” ar féidir an maoiniúchán a fheidhmiú ina leith leagtha amach san Acht. Ní fhéadfar an maoiniúchán a úsáid chun críocha toghcháin ná reifrinn.

Ceanglaítear leis an Acht um Liúntas Ceannairí Páirtí ar an gceannaire páirtí ráiteas caiteachais ón liúntas a fuarthas i leith na bliana roimhe a ullmhú, nó cur faoi deara go n-ullmhófar an ráiteas sin. Ní mór a leagan amach sa ráiteas, faoi theidil shonracha, na míreanna ar ar caitheadh an maoiniúchán. Ní mór d’iniúchóir poiblí

an ráiteas a iniúchadh agus ní mór é a chur ar fáil in éineacht le tuairisc an iniúcháir don Choimisiún um Chaighdeáin faoi cheann 120 lá ó dheireadh na bliana airgeadais ar íocadh an liúntas di (.i., faoin 30 Aibreán). Is féidir an Liúntas a chur ar fionraí má theipeann ar pháirtí an ráiteas a chur ar fáil faoi cheann na tréimhse ama sin.

### **Feidhmeanna an Choimisiúin um Chaighdeáin faoin Acht um Liúntas Ceannairí Páirtí**

Ní mór don Choimisiún um Chaighdeáin gach ráiteas agus tuairisc iniúcháir dá gcuirtear ar fáil dó a bhreithniú agus, más gá, dul i gcomhairle leis an gceannairí páirtí maidir le haon ní sa ráiteas. Ceanglaítear ar an gCoimisiún um Chaighdeáin tuairisc a chur ar fáil don Aire Airgeadais freisin ina dtabharfar le fios cibé acu ar cuireadh an ráiteas agus tuairisc an iniúcháir faoina bhráid faoi cheann na tréimhse sonraithe. Ní mór dó a thabhairt le fios freisin cibé acu ar nochtadh aon chaiteachas neamhúdraithe agus cibé acu ar leor nó ar mhíchúil an ráiteas.

Ní mór don Choimisiún um Chaighdeáin cur faoi deara go leagfar cóip den tuairisc don Aire Airgeadais faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Ní mór don Choimisiún um Chaighdeáin cóip de na ráitis agus de thuairiscí na n-iniúcháir a choinneáil ar feadh 3 bliana agus ní mór iad a chur ar fáil don phobal lena n-iniúchadh agus a gcóipeáil.





Caibidil 02

## Caibidil 2 - An Eitic

### An tlonracas a Chinntiú sa tSeirbhís Phoiblí

Tá muintir na hÉireann i dteideal a bheith ag súil leis go mbeidh cinntí a dhéanfar inár n-ainm bunaithe ar fhiúntais an cháis agus nach beifear ag taobhú le haon leas príobháideach leis na cinntí sin. I measc na n-eilimintí atá riachtanach lena chinntiú go mbeidh sé sin amhlaidh tá creatlach ionracais láidir éifeachtach d’fhostaithe sa tseirbhís poiblí agus d’ionadaithe poiblí. Bíonn creatlach den sórt sin ag brath ar ráiteas soiléir a bheith ann maidir le prionsabail eitice, arna mhionléiriú i gcás gur gá le rialacha cuí. Bíonn an chreatlach ag brath ar thiomantas láidir a bheith ag ceannairí polaitíochta agus ag lucht na seirbhíse poiblí freisin do bheith ag cinntiú go gcloifear leis na caighdeán eitice is airde. Ar deireadh, ní mór aon chás ina dteipeann ar dhuine déanamh de réir na gcaighdeán sin a imscrúdú go héifeachtach.

### Ag Nochtadh Gníomhartha Éigearta

Bíonn creatlach éifeachtach imscrúdúcháin ag brath ar fhianaise a bheith ar fáil go ndearnadh gníomh éigeart.

Ar an gcúis sin, tugtar cumhachtaí leathana do chomhlachtaí imscrúdúcháin cosúil leis an gCoimisiún um Chaighdeán i ndáil le fianaise a fhionnadh, ráitis a ghlacadh ó fhinnéithe, srl. Ní féidir cumhachtaí den sórt sin a úsáid go dlisteanach áfach ach amháin i gcás go mbeidh údar ann le hiad a úsáid. Bhreithnigh an Coimisiún um Chaighdeán an cheist i dtuarascálacha bliantúla roimhe seo maidir leis an bhfáth gur beag fós líon na ngearán a fhaigheann sé faoi na hAchtanna um Eitic. Chuaigh sé i mbun tuairimíochta maidir leis na cúiseanna a d’fhéadfadh a bheith leis sin -

- castacht na reachtaíochta, go háirithe na forálacha a bhaineann le gearáin faoi “ghníomh sonraithe”,
- leibhéal íseal feasachta ar phrionsabail na gcód iompraíochta éagsúil,
- easpa fianaise atá ar fáil go poiblí maidir le daoine nár chomhlíon a n-oibleagáidí, i bhfianaise na bhforálacha srianta is infheidhme i gcuid mhaith cásanna faoi na hAchtanna um Eitic um nochtadh, nó

■ b'fhéidir nach sáraítear na hAchtanna um Eitic rómhinic.

Is amhlaidh fosta áfach gur cuid mhór den chúis nach ndéantar ach leibhéal íseal gearán ná go mbíonn eagla ar na daoine, a d'fhéadfadh gníomh éigeart a nochtadh, faoina bhféadfadh tarlú dóibh má thuiriscíonn siad an gníomh éigeart sin.

D'fhéadfadh sé a bheith amhlaidh freisin, de bharr gur tugadh cosaint do dhaoine a nochtann gníomh éigeart isteach ina píosaí anseo is ansiúd, go bhfuil mearbhall ar dhaoine an bhfuil an chosaint sin ar fáil nó go deimhin an fíor go bhfuil aon rún daingean ann le hiad a spreagadh le teacht chun tosaigh. Tá an-suim ag an bpobal a chinntiú go spreagfar daoine atá ar an eolas faoi ghníomhartha éigearta leis na cásanna sin a thuirisciú do na húdaráis chuí.

*Bíonn straitéisí rathúla frithchaimiléireachta agus leis an dlí a fhorfheidhmiú ag brath, cuid mhór, ar dhaoine a bheith toilteanach faisnéis a sholáthar agus/nó fianaise a thabhairt. Tugtar 'whistleblowers' orthu i mBéarla agus is daoine iad a chuireann an pobal nó na húdaráis ar an eolas faoi idirbhearta cama atá feicthe nó nocht acu. Is minic a bhíonn cosaint ag teastáil ó na daoine sin ó na daoine a nochtann siad. Tagraíonn cosaint do dhaoine a nochtann gníomhartha éigearta, mar sin, do na bearta (bearta riaracháin nó reachtaíochta) a dhéantar chun cosaint a thabhairt do na daoine sin ar fhrithbhearta fisiciúla, sóisialta agus eacnamaíochta. (Corruption glossary, www.u4.no)*

*Is é seo a leanas an sainmhíniú a thugann Transparency International ar whistleblowing - Faisnéis a nochtadh faoi gníomh éigeart in eagraíocht, nó an baol go ndéanfar gníomh éigeart, a fheictear a bheith ann do dhuine nó d'aonáin a chreidtear a bheith in ann gníomh a chur i gcrích ina leith.*

Tugann an Coimisiún um Chaighdeáin dá aire, mar fhreagairt ar líomhaintí faoi ghníomhartha éigearta a bheith déanta in FÁS, gur thug an rialtas cosaint do dhaoine a nochtann gníomhartha éigearta faoin Acht um Áiseanna Saothair (Leasú) 2009. Tugann sé dá aire freisin gur fhoilsigh an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil i mí an Mhárta 2010 scéim Bille chun Méara agus Údarás Réigiúnach Bhaile Átha Cliath a bhunú lena dtabharfaí isteach, inter alia, cosaint do dhaoine a thuirisceoidh do chláraitheoir eitice cásanna ina líomhnófar gur sáraíodh an Chreatlach um Eitic don tSeirbhís Rialtais Áitiúil. D'iarr an Coimisiún um Chaighdeáin na forálacha sin den chéad uair sna tuairimí a thug sé ar an dréachtchód iompraíochta d'fhostaithe na n-údarás áitiúil in 2004. Cé gur chóir fáilte a chur roimh na forbairtí iontu féin, ní théitear sách fada leis na forálacha sin sa chaoi is go dtabharfar aghaidh ar an gcultúr atá ann go bhfeictear i roinnt réimsí gur gníomhaíocht dhoghlaclach í gníomhartha éigearta a nochtadh.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go dtugtar díolúine do dhaoine a dhéanann gearán leis an gCoimisiún um Chaighdeáin faoi na hAchtanna um Eitic. I gcás go ndéanann gearánaí gearán faoi na hAchtanna um Eitic de mheon maith nó i gcás ina gcreideann sé nó sí le réasún go bhfuil an gearán déanta leis an duine cuí agus gur ceann é a bheidh le himscrúdú faoi na hAchtanna um Eitic, foráiltear sa reachtaíocht -

*ní bheidh cúis le haon chaingean in aghaidh an duine, agus ní dhéanfar aon ghníomh araíonachta ina choinne ná ina coinne, i leith aon chinn díobh seo a leanas, nó in aon ní a éiríonn-*

- (i) as an ngearán,*
- (ii) as faisnéis a chur ar fáil don Choimisiún, do Choiste, do Chléireach nó d'oifigeach fiosrúcháin i ndáil leis an ngearán,*
- iii) as feidhmiú feidhme dá chuid nó dá cuid ag an gCoimisiún, ag Coiste, ag Cléireach nó ag oifigeach fiosrúcháin faoi [na hAchtanna um Eitic] i ndáil leis an ngearán.*

Measann an Coimisiún um Chaighdeáin áfach gur gá an díolúine a sholáthraítear a láidriú i gcomhthéacs dlí cuimsitheach lena ndéanfaí socrú chun díolúine a thabhairt do dhaoine a nochtann gníomh éigeart agus socrú chun an gníomh éigeart sin a nochtadh do na húdaráis chúí ar mhaithe le leas an phobail.

D'fhoilsigh Transparency International (TI) Ireland staidéar náisiúnta i mí Eanáir 2010, mar chuid de staidéar a mhaoinigh an Coimisiún Eorpach faoin gcosaint a thugtar do dhaoine a nochtann gníomhartha éigearta i ndeich dtír san Eoraip. Fuarthas leis an staidéar go bhfuil an-chuid lochtanna ar fad ar an gcur chuige atá i réim in Éirinn. Tagraíodh sa staidéar don chur chuige a fágadh gur tugadh an chosaint isteach ina píosaí anseo is ansiúd agus rinneadh an pointe ann go bhfuil éagsúlachtaí suntasacha ann idir na cosaintí a thugtar le hAchtanna difriúla. Dúradh sa staidéar -

*Maidir leis na forálacha atá níos sriantaí, is rímhór an locht orthu nach cosúil, ar an gcéad radharc, go gcuimsíonn siad cuid shuntasach de raon na ngníomhartha agus na neamhgníomhartha a bhíonn le feiceáil agus daoine ag imirt díoltais ar dhaoine a nochtann gníomhartha éigearta. Is é an fhoráil atá sna hAchtanna um Eitic an fhoráil is laige – ní thugann sé cosaint ach ar “beart araíonachta [foirmiúil]” do dhuine a nochtann gníomh éigeart. Le forálacha eile, cuirtear toirmeasc ar an bhfostóir pionós a imirt ar an bhfostaí: d'fhéadfaí léirmhíniú sách teoranta a thabhairt ar an leibhéal cosanta sin agus a rá nach mbaineann sé ach le smachtbhanna foirmiúil ar an bhfostaí. Ba cheart go mbreathnófaí ar na cosaintí a thugtar leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair agus leis an Acht um Rialáil*

*Cumarsáide (Leasú) mar an eiseamláir toisc go bhfuil bonn sách leathan ag gabháil leo sa chaoi is go gcuimseofaí láithreach go leor den bheartaíocht a d'imreofaí ar dhaoine a nochtann gníomhartha éigearta amhail “white-walling” (gan aon obair a thabhairt don fhostaí) nó ragobair agus sochair a bhíodh ar fáil roimhe a dhiúltú don duine, nithe a d'fhéadfaí a rá nach bhfuil cuimsithe leis na sainmhínithe atá níos sriantaí. (Transparency International Ireland - Whistleblower Protection Assessment Ireland)*

Fáiltíonn an Coimisiún um Chaighdeáin roimh an tuarascáil ó TI agus tacaíonn lena mholadh go dtabharfaí dlí cuimsitheach isteach mar ábhar práinne maidir le gníomhartha éigearta a nochtadh ar mhaithe le leas an phobail chomh maith le cosaint do dhaoine a dhéanann amhlaidh. Chomh maith leis na cosaintí sonracha a thabharfaí ach sin a dhéanamh, bheadh comhartha soiléir á chraobhscaoileadh le beart den sórt sin nach bhfuiltear le cur suas le daoine a bheith i mbun gníomhartha éigearta agus go bhfuiltear le daoine a spreagadh go láidir le cásanna dá leithéid a thuairisciú de mheon maith.

### **Oifigeach Fiosrúcháin**

Saincheist ghaolmhar ná acmhainn na gcomhlachtaí imscrúdúcháin lena gcuid imscrúduithe a dhéanamh ar bhealach lena bhfaighfear amach na fíricí sa chaoi is gur féidir gníomhartha éigearta a nochtadh. Ceann de láidreachtaí na nAchtanna um Eitic ná an chumhacht a thugtar don Choimisiún um Chaighdeáin, in Acht 2001, chun Oifigeach Fiosrúcháin a cheapadh chun cabhrú leis, trí réamhscrúdú a dhéanamh, nuair a bhíonn sé ag breithniú cibé acu an bhfuil bonn le gearán go dtionscnófaí imscrúdú foirmiúil ina leith.

### **Déantar socrú sna hAchtanna um Eitic maidir le próiseas lena mbaineann dhá chéim chun gearáin a scrúdú -**

- (a) breithníonn an Coimisiún um Chaighdeáin cibé acu an bhfuil údar ann le himscrúdú agus
- (b) má bhíonn údar ann le himscrúdú, déantar imscrúdú iomlán foirmiúil ina n-éistfear fianaise go poiblí mar chuid de agus ina mbreithneofar fianaise dhoiciméadach ábhartha.

Roimh Acht 2001, bhí ar an gCoimisiún féin fianaise agus ráitis ábhartha a chruinniú ó dhaoine ábhartha agus a bhreith maidir le cibé acu an dtionscnófaí imscrúdú a bhunú ar an bhfianaise nó ar na ráitis a cruinníodh. Rinneadh socrú in Acht 2001 chun Oifigeach Fiosrúcháin a cheapadh a chabhródh leis an gCoimisiún agus gearán á bhreithniú ar dtús aige le cinneadh cibé acu an raibh údar ann le himscrúdú agus le bonn daingean a sholáthar ó thaobh fianaise le cinneadh den sórt sin.

## Tugtar na cumhachtaí seo a leanas don Oifigeach Fiosrúcháin le hAcht 2001 -

- fianaise an ghearánaí nó ó dhuine ábhartha ar bith eile a fháil;
- an fhianaise sin a chur os comhair an duine is ábhar don ghearán;
- ligean don duine is ábhar do ghearán ráiteas a dhéanamh;
- agallaimh a dhéanamh leis an ngearánaí agus leis an duine is ábhar don ghearán;
- iarraidh ar an duine aon cháipéis ábhartha atá i seilbh nó faoi rialú an duine a thabhairt ar aird; agus
- tuairisc a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin i scríbhinn.

Ní bheadh aon chinntí nó torthaí de bharr an fhiosrúcháin sa tuairisc ach, dá n-iarrfadh an Coimisiún amhlaidh, léireofaí tuairim an Oifigh Fiosrúcháin sa tuairisc maidir le cibé acu an raibh fianaise *prima facie* ann mar bhonn leis an ngearán. Bheadh an Coimisiún i riocht cinneadh a dhéanamh ansin maidir le cibé acu an raibh údar ann le himscrúdú a dhéanamh faoin ngearán.

Tá an chumhacht le hOifigeach Fiosrúcháin a cheapadh tábhachtach sa chaoi is go gcinnteofar nach ndéanfaidh an Coimisiún imscrúdú foirmiúil iomlán faoi ghearán ach amháin sa chás go mbeidh fóirúdar ann le hamhlaidh a dhéanamh.

**I dtuarascálacha bliantúla ó 2004 i leith, tá an pointe déanta ag an gCoimisiún um Chaighdeáin nach féidir leis Oifigeach Fiosrúcháin a cheapadh ach amháin sa chás go mbeidh gearán faighte aige. Tá an moladh déanta aige go dtabharfaí de chumhacht dó Oifigeach Fiosrúcháin a cheapadh chun cabhrú leis a bhreithniú cibé acu an bhfuil údar ann le himscrúdú i gcás nach bhfuil aon ghearán faighte.**

Cé go bhfuil a mholadh agus an bonn atá leis leagtha amach ag an gCoimisiún um Chaighdeáin ina chuid tuarascálacha bliantúla, ar an drochuair, bhí míthuiscint ann i gcónaí maidir leis an seasamh sin i dtráchtairacht phoiblí faoin ábhar. I ndíospóireachtaí Dála maidir leis an tsaincheist sin, pléadh é ar an mbonn go raibh an Coimisiún ag moladh go dtabharfaí de chumhacht dó imscrúduithe a thionscnamh agus gan gearán a bheith déanta. Ó achtaíodh an tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995, bhí sé de chumhacht ag an gCoimisiún cásanna a imscrúdú i gcás gearán a bheith faighte aige agus chomh maith leis sin "nuair is cuí leis an gCoimisiún amhlaidh a dhéanamh...". Mar sin, bhí an chumhacht le tús a chur le himscrúdú ar a chonlán féin agus gan gearán a bheith déanta tugtha ag an Oireachtas don Choimisiún cheana féin.

Aithníonn an Coimisiún um Chaighdeáin an fhreagracht atá leagtha air leis na hAchtanna ina leith sin chomh maith leis an éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ar dhuine a gcuirtear ina leith gur sháraigh sé nó sí na hAchtanna um Eitic dá dtionscnófaí imscrúdú foirmiúil. Ní dhéanadh sé amhlaidh ach amháin sa chás go raibh fianaise *prima facie* ann mar údar leis an imscrúdú a thionscnamh. D'fhéadfadh an tOifigeach Fiosrúcháin an fhianaise sin a sholáthar i gcás go mbeidh fianaise den sórt sin ann, is léir gur ar mhaithe le leas an phobail go ndéanfaí imscrúdú iomlán faoin ábhar, is cuma cé acu an bhfuil gearán déanta nó nach bhfuil. I gcodarsnacht leis an méid a mhaíonn daoine áirithe, is é sin, má bhíonn scéal sách tábhachtach don phobal, go ndéanfaidh tríú páirtí nó páirtí a dtéann an scéal sin i bhfeidhm air gearán, tá an Coimisiún sásta nach amhlaidh a bheidh i gcónaí.

Dá mbeadh sé ar chumas an Choimisiúin nó comhlachta eile Oifigeach Fiosrúcháin a cheapadh, bheifí in ann scéal a mbaineann tábhacht shuntasach leis don phobal a scrúdú ar bhealach éifeachtúil, tíosach agus éifeachtach lena soiléireofaí na ceisteanna a bhaineann leis an scéal agus lena soláthrófaí bonn daingean le haghaidh aon chinnidh a dhéanadh an Coimisiún maidir le himscrúdú a thionscnamh. Is é an próiseas a gcaithfear cloí leis faoi láthair ná go mbreithníonn comhaltaí uile an Choimisiúin scéal, déanann siad cinneadh ag gach céim maidir leis an gcéad ghníomh eile a dhéanfar, cinneann siad faisnéis, fianaise, srl. a lorg ó dhuine nó ó chomhlacht, tugann siad ordú go bhfionnófar cáipéisí má mheastar go bhfuil údar leis sin agus téann siad ar aghaidh le cinneadh a dhéanamh ansin maidir le cibé acu an bhféadfadh an reachtaíocht um eitic a bheith sáraithe ag duine nó 'gníomh sonraithe' a bheith déanta aige nó aici.

Toisc nach bhfuil ach ceathrar comhaltaí *ex-officio* aige, fágann comhdhéanamh an Choimisiúin nach éasca dó an próiseas sin a chur i gcrích go gasta. I gcásanna inar cheap sé Oifigeach Fiosrúcháin chun réamhfhiosrúchán a dhéanamh maidir le fíricí gearáin, bíonn an próiseas i bhfad níos éifeachtúla agus soláthraítear bonn daingean le tuairisc an Oifigigh Fiosrúcháin ar bhféadfar cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu an bhfuil fianaise *prima facie* ann gur sáraíodh an tAcht nó go ndearnadh 'gníomh sonraithe'. Níl i gceist le moladh an Choimisiúin ach go mbeadh macasamhail an phróisis éifeachtúil sin ann chun cabhrú leis agus é i mbun na ndualgas reachtúil atá air cheana féin le breithniú cibé acu ar chuí tabhairt faoi imscrúdú in ainneoin gan gearán a bheith déanta.

Cuireadh chun suntais de bharr cásanna a bhí ann roimhe seo go bhfuil bac ar an gCoimisiún na feidhmeanna a tugadh dó a fheidhmiú maidir le himscrúdú a thionscnamh ar a chonlán féin i gcomparáid lena chumhachtaí i gcás go bhfuil gearán déanta. Creideann an Coimisiún i gcónaí gur cheart deireadh a chur leis an aimhrialtacht sin mar ábhar práinne.



### **Creatlaí um Eitic arb Ionann a bhForálacha**

Is údar imní don Choimisiún um Chaighdeáin go bhfuil líon na bhforálacha reachtúla a bhaineann le leasanna a nochtadh ag dul i méad go gasta i reachtaíocht a bhaineann le comhlachtaí poiblí aonair, a bhíonn faoi réir fhorálacha ar leithligh na nAchtanna um Eitic freisin. Tá sé tugtha dá aire aige, ó achtaíodh an tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995, gur tugadh reachtaíocht isteach chun socrú a dhéanamh maidir le hoibleagáidí ar leithligh go nochtófaí leasanna i mbreis is caoga comhlacht poiblí. Is éard atá i gceist leis na hAchtanna um Eitic go soláthrófaí creatlach shoiléir chuimsitheach le haghaidh leasanna a bheith á nochtadh ag oifigigh poiblí. Ní aon chúnaimh leis an sprioc sin a bhaint amach go n-achtaítear reachtaíocht a bhaineann le roinnt comhlachtaí poiblí, ach nach mbaineann leo ar fad, agus arb ionann a forálacha agus forálacha na nAchtanna um Eitic. Is é an impleacht a d'fhéadfadh a bheith leis sin go measann an tOireachtas nach leor forálacha na nAchtanna um Eitic más gá iad a fhorlíonadh le reachtaíocht ar leithligh i gcás comhlachtaí poiblí áirithe. Lena chois sin, tá an-seans ann go mbeadh mearbhall ar dhaoine a bhfuil sé d'oibleagáid orthu forálacha ar leithligh a chomhlíonadh maidir le leasanna a nochtadh. D'fhéadfadh sé tarlú freisin go bhfaighfí go raibh forálacha na nAchtanna um Eitic sáraithe ag duine, ach go raibh forálacha reachtúla eile a bhaineann le leasanna a nochtadh agus a tháinig chun cinn ó na cúinsí céanna comhlíonta ag an duine.

Measann an Coimisiún um Chaighdeáin gur léir gur ar mhaithe le leas an phobail go nglacfaí Acht cuimsitheach aonair a bhfuil feidhm chomhionann aige maidir le gach comhlacht poiblí lena chinntiú go nochtáítear leasanna príobháideacha go cuí agus go ndéileáiltear le coimhlintí leasanna i gceart. Molann sé gur cheart go ndrécachtódh an Roinn Airgeadais reachtaíocht nua a bheadh bunaithe ar an gcleachtas is fearr maidir le bheith ag déileáil le coimhlintí leasa agus lena gcomhdhlúthófaí forálacha na nAchtanna um Eitic, gach reachtaíocht ábhartha eile agus forálacha ábhartha an Chóid Chleachtas maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit.

### **Ráiteas Ardleibhéil maidir le Prionsabail Eitice**

Ón uair a thosaigh na géarchéimeanna baincéireachta agus airgeadais, is minic a pléadh an tsaincheist maidir le cibé acu ar chóir cur chuige a bheadh bunaithe ar rialacha nó cur chuige a bheadh bunaithe ar phrionsabail a leanúint i gcúrsaí rialachais chorparáidigh. Tagann an tsaincheist chéanna chun cinn i leith creatlaí um eitic. Tugadh sraith rialacha soiléire a bhí le leanúint i ndáil le coimhlintí leasa isteach leis an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995. Cé gur athbhreithníodh na rialacha sin leis an Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 i bhfianaise a taithe a fuarthas go luath tar éis achtú Acht 1995, athraíodh an bhéim in Acht 2001 sa mhéid is gur tugadh forálacha isteach leis freisin i ndáil le cóid iompraíochta, lena leagfaí síos na



caighdeáin iompraíochta agus ionracais a bhí le leanúint ag fostaithe sa tseirbhís phoiblí agus ag ionadaithe poiblí agus a gcuid feidhmeanna á bhfeidhmiú acu. Foilsíodh cóid ina dhiaidh sin do shealbhóirí oifige, Teachtaí Dála, Seanadóirí agus státseirbhísigh.

Agus an cur chuige sin á leanúint aige, chinn an tOireachtas nár chuí cur chuige simplí a bhí bunaithe ar rialacha ná ceann a bhí bunaithe ar phrionsabail. Is é tuairim an Choimisiúin um Chaighdeáin gur bonn daingean a bheadh ann dá bhfeidhmeofaí meascán den dá chur chuige le chéile agus gur ceann é a leithéid ar a mbíonn aon chreatlach um eitic ag brath. Ba cheart go mbeadh aon rialacha a leagfaí síos ag teacht ó phrionsabail ghinearálta maidir le hiompar eiticiúil. Tá an Coimisiún daingean ina thuairim fosta go gcaithfidh an bhéim a bheith ar dhaoine a bheith ag déanamh de réir spiorad na ndlíthe um eitic seachas díreach mionsonraí an reachta a chomhlíonadh. Measann sé áfach, nach leor, mar léargas ar na caighdeáin ar chóir do gach fostaí sa tseirbhís phoiblí agus do gach ionadaí poiblí cloí leo, earnálacha sonracha a bheith ag glacadh cóid iompraíochta agus gan mórán thairis sin i gceist.

Mhol an Coimisiún um Chaighdeáin mar sin gur chóir ráiteas soiléir ardleibhéal a ghlacadh, i reachtaíocht phríomhúil nó i ngach ceann de na cóid reachtúla ábhartha iompraíochta, maidir leis na prionsabail eitice a bheidh ar fhostaithe sa tseirbhís phoiblí agus ar ionadaithe poiblí a leanúint. Measann sé go mb'fhéidir gur túsphointe maith iad 'Seven Principles of Public Life' de chuid an UK Committee on Standards in Public Life, le haghaidh díospóireachta maidir leis na bunphrionsabail ar chóir gurbh eol do gach fostaí sa tseirbhís phoiblí agus do gach ionadaí poiblí nach mór iad a leanúint. Ba chóir go gcuirfí na prionsabail a chomhaontófar ar deireadh isteach ina gcuid de na hAchtanna um Eitic mar luachanna na seirbhíse poiblí. Dá dteipfeadh ar aon duine nó ar aon chomhlacht déanamh de réir na bprionsabal sin, d'fhéadfaí é sin a lua in aon ghearán faoin reachtaíocht ábhartha um eitic. Ba chóir an fhoráil in alt 4 den Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 ina bhféadfar gearán a dhéanamh faoi 'ghníomh sonraithe' a rinne 'duine sonraithe' a leasú chun socrú a dhéanamh go bhféadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin aird a thabhairt ar na prionsabail agus é ag breithniú cibé acu an bhfuil 'gníomh sonraithe' déanta ag duine.

Tugann an Coimisiún um Chaighdeáin dá aire arís, beagnach deich mbliana tar éis don Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 a bheith achtaithe, go bhfuiltear fós ag fanacht go nglacfar cóid iompraíochta don tseirbhís phoiblí ar bhonn níos leithne faoin Acht sin. Cuireadh an Coimisiún ar an eolas go bhfuil an Roinn Airgeadais, a bhfuil freagracht uirthi maidir leis sin, ag leanúint leis an scéal go gníomhach agus tá sé ag súil go soláthrófar dréachtchód don Choimisiún um Chaighdeáin le

haghaidh comhairliúcháin de réir fhorálacha na reachtaíochta. Tá sé muiníneach go mbrostófar leis an gcáipéis thábhachtach sin sa chaoi is go mbeidh ráiteas soiléir ag stiúrthóirí agus ag fostaithe gach comhlachta poiblí maidir leis na caighdeán a mbítear ag súil leo a bheith ag leanúint agus a gcuid dualgas á bhfeidhmiú acu.

## Gearáin

Tá líon na ngearán a fhaigheann an Coimisiún um Chaighdeán fós íseal. Fuair sé 32 gearán in 2009 san iomlán, a raibh sé chinn díobh bailí de réir théarmaí na nAchtanna um Eitic. Fuair an Coimisiún um Chaighdeán nach raibh bonn le ceann ar bith de na gearáin ar a bhféadfaí imscrúdú a thionscnamh.

## Comhairle Baile Chill Airne

Thuairiscigh an Coimisiún um Chaighdeán i dtuarascálacha bliantúla roimhe seo maidir lena imscrúdú faoi chásanna inar líomhnaíodh gur sháraigh beirt chomhaltaí de chuid Comhairle Baile Chill Airne an Chreatlach um Eitic don tSeirbhís Rialtais Áitiúil, agus go bhfuarthas gur sháraigh duine díobh siúd roinnt gnéithe de na forálacha sin. Sa tuarascáil bhliantúil i gcomhair 2008, thuairiscigh sé, tar éis éisteachta imscrúdúcháin in 2007, gur chuir sé tuairisc ar aghaidh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí maidir le cás inar líomhnaíodh gur sháraigh an Comhairle Patrick O'Donoghue an Chreatlach um Eitic don Rialtas Áitiúil. Cúisíodh ina dhiaidh sin é as cionta faoin Acht Rialtais Áitiúil 2001 agus ag éisteacht sa Chúirt Choiriúil Chuarda i dTrá Lí, an 12 Márta 2009, phléadail an Comhairleoir O'Donoghue ciontach i gcúiseamh "gur chomhalta de Chomhairle Bhaile Chill Airne é agus duine a raibh eolas iarbhír aige ar a leas tairbheach i dtailte áirithe ag Cill Airne ar dhátaí idir Eanáir 1, 2006 agus Márta 6, 2006 ag Cill Airne – agus gur fhéach sé le tionchar a imirt ar chinneadh Chomhairle Baile Chill Airne i leith ábhair maidir le feidhmeanna an údaráis sin a bheith á bhfeidhmiú faoin Acht um Pleanáil 2000, mar a bhí, na tailte sin a athchriosú". Tarraingíodh siar cúiseamh gur loic sé é féin a tharraingt amach as cruinniú de chuid na Comhairle oíche an 6 Márta, 2006, nuair a bhí an rún á bhreithniú.

An 30 Meitheamh 2009, gearradh fineáil €5,000 ar an gComhairleoir O'Donoghue. Ba é sin an chéad ócáid a bhfuarthas go ndearnadh cion faoi Chuid 15 den Acht Rialtais Áitiúil 2001.

## Úsáid Áiseanna an Oireachtais

I mí an Mhárta 2009, scríobh Cathaoirleach an Choimisiúin um Chaighdeáin chuig an Taoiseach lena dhearcaidh a leagan amach arís nár chóir go dtabharfaí acmhainní, amhail clúdaigh litreach an Oireachtais, a sholáthraítear do Theachtaí Dála agus do Sheanadóirí mar speansas poiblí chun éascú leo a bhfeidhmeanna mar ionadaithe poiblí a fheidhmiú, ar aghaidh do dhaoine eile nach bhfuil teidlíocht ar bith acu chun iad a úsáid. Tá an Coimisiún um Chaighdeáin daingean ina thuairim gur mí-úsáid acmhainní poiblí cleachtas den sórt sin agus go bhfuil sé go hiomlán míchuí. D'eisigh sé preasráiteas maidir leis an gceist i mí Aibreáin 2009.

Ní bhfuair an Coimisiún um Chaighdeáin aon ghearáin ina dhiaidh sin faoi chomhaltaí an Oireachtais a bheith ag tabhairt áiseanna a maoiníodh go poiblí ar aghaidh d'iarrthóirí ag na togcháin áitiúla nó Eorpacha. Fuair sé roinnt gearán maidir le comhalta a bheith ag úsáid áiseanna an Oireachtais é féin chun feachtasaíocht a dhéanamh thar ceann iarrthóra. Níor shealbhóir oifige an comhalta a bhí i gceist áfach agus mar sin, bhí an scéal lasmuigh de shainchúram an Choimisiúin um Chaighdeáin.

## Daoine Bainteacha

Tá imní ar an gCoimisiún um Chaighdeáin maidir leis an sainmhíniú cúng a thugtar ar 'dhuine bainteach' sna hAchtanna um Eitic i gcomhthéacs duine a bhfuil leas aige mar stiúrthóir cuideachta. Tá an sainmhíniú iomlán ar 'dhuine bainteach' leagtha amach in Aguisín 3, ach áirítear an méid seo a leanas leis -

- iv) tá cuideachta (féach ar an sainmhíniú in Aguisín 3) bainteach le duine eile má bhíonn an chuideachta faoi rialú an duine sin (féach ar an sainmhíniú in Aguisín 3) nó má bhíonn an chuideachta faoi rialú an duine sin chomh maith le daoine atá bainteach leis an duine sin,
- v) maidir le haon bheirt nó líon is mó ná beirt a ghníomhóidh le chéile chun a dhaingniú go mbeidh cuideachta faoina rialú, nó chun rialú a dhéanamh ar chuideachta, caithfear leo, i ndáil leis an gcuideachta sin, mar dhaoine atá bainteach le chéile agus le haon duine a ghníomhóidh ar threoracha aon duine díobh chun a dhaingniú go mbeidh an chuideachta faoina rialú, nó chun rialú a dhéanamh ar an gcuideachta.

Is é tuairim an Choimisiúin um Chaighdeáin go bhfuil an sainmhíniú ar 'dhuine bainteach' róshriantach agus neamhchuí sa mhéid sin i ndáil le cibé acu an bhfuil cuideachta bainteach le duine agus cibé acu an bhfuil duine eile, atá bainteach le cuideachta, bainteach le duine. Bíonn an cheist sin ag brath ar an gcoincheap

ó thaobh “rialú” a bhfuil an bhrí leis a shanntar dó le halt 157 den Acht Cánach Corparáide 1976, ina dtagraítear d'alt 102 den Acht sin faoi seach, agus a athachtaíodh ina dhiaidh sin in alt 432 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997. Foráiltear mar seo a leanas -

measfar cuideachta a bheith faoi rialú duine má dhéanann sé rialú nó má tá ar a chumas rialú a dhéanamh, go díreach nó go neamhdhíreach, ar ghnóthaí na cuideachta, nó má tá sé i dteideal an rialú sin a fháil, agus go háirithe, ach gan dochar do ghinearáltacht na bhfocal sin roimhe seo, má shealbhaíonn sé nó má bhíonn sé i dteideal go bhfaigheadh sé—

- (a) an chuid is mó de scairchaipiteal nó de scairchaipiteal eisithe na cuideachta nó den chumhacht vótála sa chuideachta; nó
- (b) cibé cuid de scairchaipiteal eisithe na cuideachta a thabharfadh teideal dó, dá ndéanfaí ioncam uile na cuideachta a dháileadh iarbhir ar na rannpháirtithe (ar neamhshuim le haon chearta atá aige féin nó ag aon duine eile mar chreidiúnaí iasachta), an chuid is mó den méid a dáileadh amhlaidh a fháil; nó
- (c) cibé cearta a thabharfadh teideal dó, i gcás an chuideachta a fhoirceannadh nó in aon imthosca eile, an chuid is mó de shócmhainní na cuideachta a bheadh inchomhairimh an tráth sin le dáileadh ar na rannpháirtithe a fháil.

Is dá bharr sin a tharlaíonn sé, mar shampla, go mbíonn comhalta boird chomhlachta phoiblí, a bhfuil dlúthpháirt aige nó aici i gcuideachta (m.sh. Cathaoirleach, Príomhfheidhmeannach srl.) ach nach bhfuil an chuideachta sin “faoina rialú” agus a n-iarrtar air nó uirthi feidhm a fheidhmiú mar chomhalta boird an chomhlachta phoiblí, arbh é a éifeacht sin go rachadh sé sin chun sochair don chuideachta sin go suntasach, nach gá go bhféadfaí a mheas gur duine bainteach í an chuideachta a bhfuil leas ábhartha aici san fheidhm atá le feidhmiú, agus sa chás sin, bheadh sé de láncheart ag an gcomhalta boird páirt a ghlacadh san fheidhm, in ainneoin an dlúthnaisc atá ann idir an duine sin agus an chuideachta.

*Thuairiscigh an Coimisiún um Chaighdeáin sampla de sin ina Thuarascáil Bhliantúil i gcomhair 2007. Fuair sé gearán faoi ghníomhartha bheirt chomhaltaí d’Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath, an tUas. Lar Bradshaw agus an tUas. Seán Fitzpatrick, i bhfianaise a leasanna sa Bhanc Angla-Éireannach a bhí ag soláthar maoiniúcháin le haghaidh roinnt scéimeanna i limistéar na ndugthailte. Líomhnaigh an gearánaí, inter alia, gur theip ar an mbeirt chomhaltaí ráiteas maidir le leas ábhartha a dhéanamh, faoi mar a ceanglaíodh orthu a dhéanamh le halt 17 d’Acht 1995, roinnt uaireanta de bharr cinnití a ghlac an tÚdarás a bhain le sraith forbairtí dár sholáthair an Banc Angla-Éireannach maoiniúcháin.*

*Chinn an Coimisiún um Chaighdeáin nach raibh aon bhonn ann ar a bhfaighfí gur daoine bainteacha, mar gheall ar an ngaol a bhí eatarthu féin, an tUas. Fitzpatrick agus an tUas. Bradshaw. Lena chois sin, ní raibh aon bhonn ann ar a bhfaighfí gur dhuine bainteach an Banc Angla-Éireannach, i ndáil leis an Uas. Fitzpatrick ná leis an Uas. Bradshaw. Cé go bhféadfadh sé a bheith amhlaidh go raibh líon substaintiúil scaireanna ag an mbeirt acu sa bhanc, ba é ba bhonn leis an gcinneadh nach raibh aon fhianaise ann go raibh an banc faoi 'rialú' ceachtair acu. Dá réir sin, chinn an Coimisiún um Chaighdeáin nach raibh aon fhorais ann ar a dtionscnófaí imscrúdú faoi alt 17 d'Acht 1995 a bheith sáraithe ag an Uas. Fitzpatrick ná ag an Uas. Bradshaw.*

Measann an Coimisiún um Chaighdeáin gur cheart Alt 2(2) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 a leasú sa chaoi is go ndéanfaí socrú freisin gur "duine atá bainteach" le cuideachta duine atá ina stiúrthóir ar an gcuideachta sin agus gur "daoine atá bainteach" leis an duine sin freisin stiúrthóirí eile na cuideachta sin.

## **Raon Feidhme na nAchtanna um Eitic**

Thuairiscigh an Coimisiún um Chaighdeáin i ngach ceann dá thuarascálacha bliantúla ó 2004 i leith maidir leis an méadú mór atá tagtha ar raon feidhme na nAchtanna um Eitic ó thaobh líon na gcomhlachtaí poiblí sa tseirbhís phoiblí a bhfuil stiúrthóireachtaí ainmnithe agus poist fhostaíochta ainmnithe (féach ar an sainmhíniú in Aguisín 3) forordaithe iontu ag an Aire Airgeadais. Ina thuarascáil i gcomhair 2008, dúirt sé go raibh breis is 670 comhlacht poiblí clúdaithe in 2009.

Tá méadú déanta ar líon na gcomhlachtaí sin trí huairé ón tráth sin. An 24 Iúil 2009, shínigh an tAire Airgeadais rialacháin lenar forordaíodh stiúrthóireachtaí agus poist fhostaíochta sa Bhanc-Chorparáid Angla-Éireannach Teoranta agus in 31 dá chuid fochuideachtaí. Bhí an Banc tugtha faoi úinéireacht phoiblí i mí Eanáir 2009. D'iarr an Coimisiún um Chaighdeáin go dtabharfaí rialacháin isteach nuair a bhí comhlacht poiblí á bhunú sa chaoi is go bhfeidhmeofaí na hoibleagáidí um eitic a luaithe agus ab fhéidir. Fáiltíonn sé roimh na rialacháin mar an chéad uair dá ngníomhaíodh ar mholadh ón gCoimisiún.

Tugadh rialacháin bhreise isteach le héifeacht ón 1 Eanáir 2010 rud a d'fhág gur thart faoi 860 líon iomlán na gcomhlachtaí, fochomhlachtaí san áireamh, a bhí clúdaithe. Rinneadh rialacháin ina dhiaidh sin an 19 Márta 2010 lenar forordaíodh mar stiúrthóirí ainmnithe comhaltaí boird na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (NAMA), de choistí NAMA a bunaíodh faoi alt 32(1) nó 33(1) den Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009

agus de ghrúpaonáin NAMA faoi mar a sainmhíníodh in alt 4 den Acht sin (lena n-áirítear aon Fheithiclí Cuspóra Speisialta a bunaíodh faoin alt sin).

Fáiltíonn an Coimisiún um Chaighdeáin roimh na rialacháin sin agus tá sé muiníneach go gcinnteoidh an tAire Airgeadais go bhfeidhmeofar raon feidhme na nAchtanna um Eitic maidir le gach comhlacht poiblí nua go tráthúil.

## Creatlach um Eitic don tSeirbhís Rialtais Áitiúil

Fáiltíonn an Coimisiún um Chaighdeáin roimh an rún atá ag an Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil raon feidhme na bhforálacha i gCuid 15 den Acht Rialtais Áitiúil a bhaineann leis an gCreatlach um Eitic don tSeirbhís Rialtais Áitiúil a leathnú sa chaoi is go gclúdófar Méara agus Údarás Réigiúnach Bhaile Átha Cliath atá beartaithe. Is é tuairim an Choimisiúin i gcónaí áfach nach leor na nósanna imeachta le haghaidh scrúdú agus imscrúdú atá ann faoin gcreatlach agus gur cheart tús áite a thabhairt d'obair le nós imeachta reachtúil sainráite a thabhairt isteach le haghaidh gearán faoi chomhaltaí agus faoi fhostaithe na n-údarás áitiúil.

## Cóid Iompraíochta

Leagtar amach i gCód Chaighdeáin agus lompair na Státseirbhíse, *inter alia*, an toirmeasc atá ar gach státseirbhíseach os cionn ghráid na gcléireach páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht pholaitiúil. Sonraítear sa chód nach bhféadfaidh státseirbhísigh ar leibhéal na gcléireach nó os a chionn sin dul i mbun díospóireacht phoiblí (m.sh. litreacha a scríobh chuig nuachtáin, ionchur a bheith acu i gcláir theilifíse nó raidió, srl.) maidir le cúrsaí polaitíochta, ach amháin má cheanglaítear orthu amhlaidh a dhéanamh mar chuid dá ndualgais oifigiúla.

Dhréachtaigh an Roinn Airgeadais ciorclán lenar pléadh le státseirbhísigh agus cúrsaí polaitíochta i rith 2009. Chuaigh an Roinn i gcomhairle leis an gCoimisiún um Chaighdeáin agus tagairt ar leith á déanamh d'idirghníomhaíocht sa pholaitíocht ag daoine arna gceapadh ag Airí nach bhfuil faoi réir ghnáthshrianta an chóid maidir le gníomhaíocht den sórt sin. Sholáthair an Coimisiún um Chaighdeáin tuairimí faoin dréachtchiorclán maidir le comhairle a tugadh d'iarrthóirí toghcháin faoi chaiteachas agus maidir le hiarrthóirí a bheith ag úsáid áiseanna a maoiníodh go poiblí i rith toghcháin. Athdhréachtaíodh an ciorclán dá réir. Chuaigh an Roinn i gcomhairle leis an gCoimisiún um Chaighdeáin freisin maidir le comhairle a bhí le tabhairt do státseirbhísigh i leith faisnéis a sholáthar do chomhaltaí Oireachtais. Thuairiscigh an Coimisiún um Chaighdeáin maidir leis an tsaincheist sin sa tuarascáil bhliantúil i gcomhair 2006. B'údar áthais don Choimisiún um Chaighdeáin gur léiríodh dearcadh an Choimisiúin sa dréachtchiorclán, ba é sin, nár chóir do státseirbhísigh faisnéis a thabhairt do chruinnithe páirtí parlaiminte, ach gurbh

inghlactha faisnéis a thabhairt d'fhochoistí páirtí parlaiminte maidir le cúrsaí teicniúla amhail dréachtreachtaíocht.

Mionléiríodh forálacha an chóid sa chiorclán freisin maidir le státseirbhísigh a bheith ag dul i mbun gníomhaíocht pholaitiúil. Foráiltear leis an gchiorclán -

*Féadfaidh státseirbhísigh dul i mbun gnóthaí deonacha, áitiúla, pobail nó spóirt, i gcás nach mbeidh an ghníomhaíocht sin bainteach le, ná i gcomhlint le, a ndualgais oifigiúla; ná bainteach leis an bpolaitíocht; agus nach mbeidh sí i gcomhlint leis an ngá go n-íompródh státseirbhísigh iad féin, agus go bhfeicfí go n-íompróidís iad féin, ar bhealach neamhchlaonta ó thaobh cúrsaí polaitíochta. Ba cheart d'oifigigh a bheith fíorchúramach áfach agus iad ag déileáil leis na meáin chumarsáide nó aon rud á rá go poiblí acu faoina gcuid gníomhaíochtaí. Ní mór d'oifigigh fógra a thabhairt d'Oifigeach Pearsanra a Roinne/a nOifige sula ndeirfidh siad aon rud go poiblí faoi na gníomhaíochtaí sin agus caithfidh siad cloí le haon srianta a éileodh an tOifigeach Pearsanra.*

I gcás go bhfaighidh an Coimisiún um Chaighdeán gearán faoi státseirbhíseach a bheith ag dul i mbun gníomhaíocht pholaitiúil, féadfaidh sé aird a thabhairt ar théarmaí an chiorcláin chomh maith le forálacha an chóid iompraíochta.

## **DLiteanais a Nochtadh**

Déantar socrú leis na hAchtanna um Eitic chun 'leasanna inchláraithe' a nochtadh go bliantúil. Déantar socrú leis an reachtaíocht go nochtófar na catagóirí leasanna seo a leanas -

- Ioncam ó shlí bheatha, srl
- Scaireanna, srl.
- Stiúirthóireachtaí
- Talamh (lena n-áirítear áitreabh)
- Bronntanais
- Maoin agus seirbhísí
- Áiseanna taistil, cóiríocht maireachtála, béilí nó siamsaíocht
- Post lena ngabhann luach saothair mar bhrústocaire polaitíochta nó mar bhrústocaire maidir le gnóthaí poiblí, mar shainchomhairleoir nó mar chomhairleoir
- Conarthaí le hearraí nó seirbhísí a sholáthar don tseirbhís phoiblí


Ní cheanglaítear leis na hAchtanna um Eitic ar dhuine a d(h)líteanais a nochtadh. Is éard a bheartaítear a bhaint amach leis na hAchtanna um Eitic socrú a dhéanamh chun aon leasanna a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ar oifigeach poiblí i bhfeidhmiú a fheidhmeanna nó a feidhmeanna oifigiúla, a nochtadh go cuí. Is léir don Choimisiún um Chaighdeáin, má bhíonn dlíteanais shuntasacha ar ionadaí poiblí nó ar fhostaí sa tseirbhís poiblí m.sh. d'fhoras airgeadais, go bhféadfadh sé sin tionchar ábhartha a imirt air nó uirthi i bhfeidhmiú a fheidhmeanna nó a feidhmeanna i gcás go mbíonn air nó uirthi déileáil leis an bhforas airgeadais sin mar chuid de na dualgais sin agus i gcás go bhféadfaí a shamhlú go bhféadfadh gníomhartha an fhostaí sa tseirbhís poiblí dul i bhfeidhm ar a leasanna féin. Is ar mhaithe le leas an phobail mar sin go nochtófaí dlíteanais den sórt sin go cuí.

Tugann an Coimisiún um Chaighdeáin dá aire, agus treoir á soláthar do bhallstáit maidir le coimhlintí leasa a bhainistiú, go bhfuil an OECD tar éis a mholadh go nochtófar dlíteanais reatha, iasachtaí reatha, morgáistí reatha, srl., seachas mionfhiacha (Managing Conflict of Interest in the Public Sector - A Toolkit, OECD, 2005).

Tugann an Coimisiún um Chaighdeáin dá aire freisin go gceanglaítear leis an Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009 ar chomhalta fhoireann na Gníomhaireachta Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, a bhfuiltear ag cuimhneamh é nó í a shannadh do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, ráiteas a sholáthar maidir lena c(h)uid leasanna, sócmhainní agus dlíteanas do Phríomhfheidhmeannach NAMA. Measann an Coimisiún um Chaighdeáin gurb iomlán cuí go nochtófaí dlíteanais sa chomhthéacs sin. Is léir gur gá cúrsaí den sórt sin a chur san áireamh maidir le hoifigigh poiblí eile a bhíonn ag déileáil le forais airgeadais. Is é tuairim an Choimisiúin gur cheart go gceanglófaí ar gach oifigeach poiblí nithe cosúil leo siúd a nochtadh faoi na hAchtanna um Eitic.

Dá réir sin, molann an Coimisiún um Chaighdeáin gur cheart go leasófaí an Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 sa chaoi is go ndéanfar socrú go measfar gur leas incláraithe chun críocha na nAchtanna um Eitic dlíteanas a bheidh os cionn tairseach áirithe.





Caibidil 03

## Caibidil 3 – Cúrsaí Toghcháin

Sonraítear sa bhrollach a ghabhann leis an Acht Toghcháin 1997 gurb é cuspóir an Achta, i measc nithe eile, "Acht do dhéanamh socrú... maidir le híocaíochtaí do pháirtithe polaitíochta agus d'iarrthóirí, do dhéanamh socrú chun síntiúis chun críocha polaitíochta a nochtadh, chun caiteachas páirtithe polaitíochta agus iarrthóirí ag toghcháin a rialáil..." Téann na forálacha a bhaineann le maoiniúchán ón Státchiste chun sochair do pháirtithe polaitíochta agus d'iarrthóirí. Tá na forálacha atá dírithe ar an trédhearcacht agus an oscailteacht a chinntiú i ndáil le síntiúis agus caiteachas ag toghcháin a nochtadh, fós gan a bheith éifeachtach áfach.

### Trédhearcacht maidir le maoiniúchán páirtithe polaitíochta

Cé go bhfuil roinnt tréithe láidre ag gabháil leis an gcóras reatha rialála atá i bhfeidhm maidir le maoiniúchán polaitiúil, tá bearta bunúsacha eile ann atá fós le forbairt sa chaoi is go méadófar an trédhearcacht agus go mbreiseofar an rialú a bheidh i bhfeidhm i leith cúrsaí airgeadais sa pholaitíocht. Is gá na rioscaí go dtarlóidh caimiléireacht a laghdú a oiread agus is féidir agus iontaoibh an phobail i bpáirtithe polaitíochta agus san ionadaíocht polaitiúil a láidriú.

### Cuntais na bPáirtithe

Níl aon cheanglas ann faoi na hAchtanna Toghcháin go gcaithfidh páirtithe polaitíochta leabhair agus cuntais chearta a choinneáil, go gcaithfidh siad gach síntiús dá bhfaightear sna cuntais sin a shonrú nó na cuntais a chur ar fáil go poiblí. Ní féidir ioncam bliantúil páirtithe polaitíochta a fháil amach faoi láthair ná ní féidir pictiúr iomlán a fháil ar an mbealach a mhaoinítear toghcháin. Léirítear leis na ráitis éagsúla a chuireann páirtithe polaitíochta faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeán sonraí maidir le síntiúis atá os cionn na dtairseach reachtúil maidir le suimeanna a chaithfear a nochtadh, chomh maith le sonraí caiteachais maidir le maoiniúchán ón státchiste agus sonraí caiteachais an pháirtí ag toghcháin Dála agus Eorpacha. Níl aon cheanglas ann go gcaithfidh siad sraith iomlán de ráitis ioncain agus chaiteachais a chur ar fáil, lena liostófaí fiacha agus sócmhainní ná go gcaithfidh siad sonraí breise a chur ar fáil maidir leis an mbealach a mhaoinítear feachtais. Bheadh ceanglas dlíthiúil éigeantach go gcaithfidís leabhair chuntais chearta a choinneáil ar bun, agus go gcaithfidís na cuntais sin a chur i láthair agus a chur ar fáil go poiblí, ag teacht le hAirteagail 11, 12 agus 13 de Mholadh Rec(2003)4 ó Chomhairle na hEorpa maidir le Comhrialacha i gcoinne na Cailimíreireachta i Maoiniúchán Páirtithe Polaitíochta agus Feachtas Toghcháin. Bhreiseofaí trédhearcacht mhaoiniúchán na bpáirtithe dá gcaithfeadh tuarascálacha airgeadais

ábhartha na bpáirtithe polaitíochta comhfhormáid chuntasaíochta a leanúint agus dá gcuirfí an fhaisnéis a bhí iontu (nó achoimre di) ar fáil go poiblí agus go tráthúil.

### **Síntiúis a Nochtadh**

Rud atá ina ghné bhuntábhachtach de thrédhearcacht mhaoiniúchán na bpáirtithe ná na foinsí ioncaim a aithint. Faoi láthair, tá teorainn €6,348.69 ar shuim na síntiúis is féidir le deontóir aonair a thabhairt i mbliain ar leith do pháirtithe polaitíochta agus tá teorainn €2,539.48 ar shuim na síntiúis gur féidir a thabhairt do chomhaltaí aonair Thithe an Oireachtais agus Pharlaimint na hEorpa. Ní mór síntiúis os cionn €5,078.95 do pháirtithe polaitíochta agus os cionn €634.87 do chomhaltaí aonair a nochtadh. Ní chaithfear síntiúis faoi bhun na dtairseach sin a nochtadh. Mar gheall go bhfuil an difríocht réasúnta beag idir an síntiúis uasta ar féidir le páirtí polaitíochta glacadh leis (€6,348.69) agus an tsuim a chaithfear a nochtadh (€5,078.95), d'fhéadfadh sé sin páirtithe agus deontóirí a spreagadh le síntiúis a ghlacadh/a thabhairt atá faoi bhun luachanna na dtairseach. I mí Mheitheamh 2009, léiríodh le figiúir a d'eisigh an Coimisiún um Chaighdeáin gur nocht páirtithe polaitíochta síntiúis arbh fhiú €96,523 i gcomhair 2008, agus ba é sin an figiúr ab ísele dá nochtadh ó tugadh an ceanglas isteach i 1997 le hiad a nochtadh. Den tsuim sin, nocht Fianna Fáil go bhfuair siad €11,800 agus níor nocht Fine Gael ná Páirtí an Lucht Oibre aon síntiúis. I leith 2009, nochtadh €76,617.05. Níor nocht aon cheann de na trí pháirtí mhóra polaitíochta aon síntiúis in 2009, in ainneoin gur bhliain toghcháin ab ea í (toghcháin Eorpacha, áitiúla agus fothoghcháin).

Thairis sin, ní féidir síntiúis gan ainm a thabhairt ach amháin sa chás nach sáraítear tairseach an €126.97 ach ní gá síntiúis gan ainm faoi bhun €126.97 a chlárú ná a nochtadh. Go teoiriciúil, mar sin, d'fhéadfaí síntiúis mhóra a dheighilt ina suimeanna faoi bhun €126.97 chun an ceanglas le síntiúis a chlárú agus a nochtadh a sheachaint.

### **Caiteachas Feachtasaíochta**

Tá feidhm ag roinnt srianta maidir le caiteachas i rith feachtas toghcháin. Ní bhíonn feidhm le teorainneacha caiteachais ag toghcháin áfach ach ón dáta ar a bhfógraítear an toghchán, dáta a bhíonn thart faoi trí seachtaine roimh dháta iarbhír an toghcháin de ghnáth. Ní thugtar cuntas i gcaiteachas toghcháin roimh an tréimhse a mbaineann an coinníoll sin léi mar sin. Ciallaíonn sé sin nach bhfaigheann gach iarrthóir agus páirtí polaitíochta cothrom na féinne ag toghcháin. Maidir leis na páirtithe ar mó na bealaí atá acu le teacht ar mhaoiniúchán, is féidir leo formhór an chaiteachais ar an bhfeachtas a chaitheamh sa tréimhse sula bhfógraítear an toghchán ábhartha go hoifigiúil mar sin.

## Úsáid Cistí Poiblí

Le cothrom na féinne idir iarrthóirí a chinntiú, chomh maith le roinnt trédhearcachta maidir leis an úsáid a bhaintear as cistí poiblí chun críocha toghcháin, tá sé molta ag an gCoimisiún um Chaighdeáin gur cheart go mbeadh aon fhoráil maidir leis an úsáid sin ina cuid den chód toghcháin seachas mar chuid de reachtaíocht eile, ar rí-léir go ngabhann cuspóir ar leithligh ar fad léi. Rinneadh an moladh sin ina thuarascáil faoi Olltoghchán 2007. Dá gcuirfí an moladh i ngníomh, dá bharr sin, chaithfí na forálacha a aisghairm lena bpléitear le soláthar seirbhísí agus áiseanna tar éis do Choimisiún Thithe an Oireachtais Dáil Éireann a lánscoir [Alt 4(4A) den Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais 2003 (a cuireadh isteach leis an Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais 2006) ar cuireadh Alt 4(c) den Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú) 2009 ina ionad ina dhiaidh]. Tráchtadh ar an bpointe sin le moladh a bhí sa tuarascáil de chuid GRECO go ndéanfaí reachtaíocht a chomhdhlúthú laistigh den chód toghcháin agus tagraítear don mholadh sin níos déanaí sa tuarascáil seo.

## Triú Páirtithe

Tá easpa trédhearcachta éigin ann i ndáil le tríú páirtithe (.i., comhlachtaí nó pearsana aonair, nach bhfuil bainteach le páirtí polaitíochta, a théann i mbun feachtasaíochta chun críocha polaitíochta). Ní cheanglaítear orthu síntiúis ná caiteachas a nochtadh. Cé go gcaithfidh tríú páirtithe cuntas síntiúis polaitíochta a choinneáil ar bun agus ráiteas bainc chomh maith le deimhniú síntiúis airgid a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin, ní bhíonn na cáipéisí sin ar fáil don phobal lena n-íniúchadh. Roimhe seo, chuir an Coimisiún um Chaighdeáin chun suntais na deacrachtaí a bhí roimhe agus maoirseacht á déanamh ar fhorálacha na nAchtanna Toghcháin a bhaineann le gníomhaíochtaí tríú páirtithe agus tá moltaí le haghaidh feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an reachtaíocht curtha chun tosaigh aige.

## The National Integrity System Country Study

Tá an staidéar seo, a d'fhoilsigh an grúpa frithchaimiléireachta Transparency International i mí an Mhárta 2009, ina anailís fhorleathan a rinneadh ar na cosaintí atá ann i gcoinne na cailimiléireachta agus na mí-úsáide cumhachta in Éirinn. Scrúdaíodh riosca na cailimiléireachta agus na mí-úsáide cumhachta i sé earnáil déag sa staidéar, lena n-áirítear na hearnálacha rialtais, polaitíochta, gnó, sa tsochaí sibhialta agus sna meáin. Scrúdaíodh sa staidéar freisin an ról a bhíonn ag na hearnálacha sin ó thaobh an t-ionracas a chur chun cinn sa saol poiblí. Tá an méid seo a leanas san áireamh le moltaí na tuarascála -

- an tairseach a íslíú maidir le suim na ndéontas do pháirtithe polaitíochta a chaithefear a nochtadh, agus

- oibleagáid a bheith ar pháirtithe polaitíochta cuntais iniúchta a fhoilsiú maidir leis an ioncam agus caiteachas ar fad ar an gcaoi chéanna is a cheanglaítear ar chuideachtaí atá faoi dhliteanas teoranta amhlaidh a dhéanamh.

## Meastóireacht GRECO ar an trédhearcacht maidir le maoiniúchán páirtithe polaitíochta

Bhain Éire ballraíocht amach i nGrúpaí Stáit Chomhairle na hEorpa i gCoinne na Caimilíreacht (GRECO) i mí na Bealtaine 1999. Tá GRECO freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar an mbealach a chomhlíontar na Treoirphrionsabail don Troid i gCoinne na Caimilíreacht agus ar an mbealach a chuirtear na hionstraimí idirnáisiúnta dlí i ngníomh, a glacadh agus an Clár Gníomhaíochta i gCoinne na Caimilíreacht a leanúint. Chinn GRECO go mbeadh an trédhearcacht maidir le maoiniúchán páirtithe ar cheann de na forálacha a mbeadh meastóireacht le déanamh orthu i gcreatlach an tríú babhta meastóireacht de chuid GRECO.

Cuireadh an Tríú Babhta Meastóireacht de chuid GRECO i gcrích in 2009. Foilsíodh The Evaluation Report on Ireland - Transparency of Party Funding – an 25 Eanáir 2010 agus tá sé le fáil ar an suíomh idirlín - [www.coe.int/greco](http://www.coe.int/greco).

Bhí an méid seo a leanas san áireamh sna moltaí a bhí ann -

- go ndéanfaí gach reachtaíocht a chomhdhlúthú laistigh den chód toghcháin ar bhealach cuimsitheach, soiléir agus cothrom le dáta;
- go mbeidh ceangal dlí ar gach páirtí polaitíochta cuntais bhliantúla a fhoilsiú a bheidh iniúchta go neamhspleách. Ba cheart go mbeadh tuairisc sna cuntais sin ar ioncam agus ar chaiteachas craobhacha áitiúla freisin;
- go n-ísleofaí tairseach reatha na síntiús a chaithfear a nochtadh - €5,078.95 (síntiús a fhaigheann páirtithe polaitíochta) go dtí “leibhéal cuí” agus go gclárófar gach síntiús polaitíochta;
- iarradh go ndéanfaí athchóiriú ar chóid agus ar dhlíthe toghcháin agus frith-bhreabaireachta chun na cóid agus na dlíthe sin, chomh maith le próisis a bhforfheidhmithe, a “shoiléiriú tuilleadh” (áirítear moladh mar chuid de sin go ndéanfaí reachtaíocht maidir le hairgeadas páirtí a chomhdhlúthú ar bhealach cuimsitheach, soiléir agus cothrom le dáta laistigh den Chód Toghcháin);
- go gcuirfí síneadh ama leis an tréimhse a mbeidh ar pháirtithe polaitíochta caiteachas toghcháin lena linn a thuairisciú. Níl ar pháirtithe polaitíochta agus ar iarrthóirí faoi láthair tuairisc a thabhairt sa tsuim a chaith siad ach le linn tréimhse thart faoi trí seachtaine roimh an toghchán, .i., ón dáta ar a bhfógraítear an toghchán go dtí lá na vótaíochta;

- cinntiú go mbeidh "smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha díspregthacha" curtha i bhfeidhm i ngach cás dá sáraítear rialacha maidir le maoiniúchán polaitiúil;
- ligean don Choimisiún um Chaighdeáin (nó don Choimisiún Toghcháin atá fós le cruthú) maoirseacht bhreise a bheith aige ar shíntiúis agus ar chaiteachas ag toghcháin rialtais áitiúil.

Fáiltíonn an Coimisiún um Chaighdeáin roimh na leasuithe sin.

## Síntiúis a Nochtadh i leith 2009

### Síntiúis a nocht Teachtaí Dála, Seanadóirí agus Feisirí Eorpacha

Ceanglaíodh ar dhuine a bhí ina T(h)eachta Dála, ina S(h)eanadóir nó ina F(h)eisire Eorpach i rith 2009 Ráiteas Síntiús a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin faoin 31 Eanáir 2009. Ceanglaíodh orthu síntiúis (féach ar an sainmhíniú in Aguisín 3), a fuarthas i rith 2009 agus a bhí os cionn luach €634.87, a nochtadh. Ní mór síntiúis ón duine céanna sa bhliain chéanna a chomhbhailiú sa chaoi is go mbeifí ag cloí le tairseach na síntiús nach mór a nochtadh agus uasteorainn na síntiús gur féidir glacadh leo (€2,539.48).

Fuarthas 242 Ráiteas Síntiús i gcomhair 2009. Bhí an méid seo a leanas i gceist leis an iomlán -

- 165 Ráiteas Síntiús ó Theachtaí Dála (bhí 165 TDanna ann ag tús na bliana toisc nár líonadh an folúntas a fágadh nuair a cailleadh an tUas. Séamus Ó Braonáin TD, go ndéana Dia grásta air). I rith 2009, cailleadh an tUas. Tony Gregory TD, go ndéana Dia grásta air, agus ní raibh aon Ráiteas Síntiús le tabhairt ina leith siúd dá réir sin. Toghadh an tUas. George Lee agus Maureen O'Sullivan Uas. leis na folúntais a bhí ann de bharr bhás an Uas. Uí Bhraonáin agus an Uas. Gregory a líonadh. Toghadh an tUas. Pat the Cope Ó Gallchóir TD mar Fheisire de Pharlaimint na hEorpa agus tugadh cuntas ina thuairisceán mar FPE. Níor líonadh a fholúntas siúd i rith 2009.)
- 59 ó Sheanadóirí (bhí 60 Seanadóir ann ag tús na bliana. I rith na bliana, fuair an Seanadóir Peter Callanan agus an Seanadóir Tony Kett, bás, go ndéana Dia grásta orthu araon. Ritheadh an fothoghchán le haghaidh fholúntas an tSeanadóir Kett an 14 Nollaig 2009 agus is é an Seanadóir James Carroll a tháinig isteach ina áit. Níor ritheadh an fothoghchán le haghaidh fholúntas an tSeanadóir Callanan go dtí an 19 Eanáir 2010. Níor ceanglaíodh ar an duine a tháinig isteach ina áit, an Seanadóir Paschal Mooney, Ráiteas Síntiús a sholáthar i leith 2009. Toghadh an Seanadóir Alan Kelly mar Fheisire de Pharlaimint na

hEorpa agus tugadh cuntas ina thuairisceán mar FPE. Toghadh an duine a tháinig ina áit, Niall Ó Brolcháin, san fhothoghchán a ritheadh an 14 Nollaig 2009.)

- 12 ó FPEanna agus
- 6 ó iar-FPEanna.

Nochtadh €182,438 de shíntiúis san iomlán. Bhí airgead, maoin, earraí agus seirbhísí san áireamh sna síntiúis a nochtadh. Thug an tUas. Proinsias de Rossa, FPE, €2,500 d'aisíocaíocht do dheontóir toisc gur sháraigh an síntiús a fuarthas an t-uasteorainn fhorordaithe.

Tá sonraí na síntiús a nochtadh i leith 2009 ar fáil i dtuarascáil don Cheann Comhairle a foilsíodh an 25 Márta 2010. Tá an tuarascáil le fáil ar shuíomh idirlín an Choimisiúin um Chaighdeáin freisin.

### **Síntiúis a nocht deontóirí aonair**

Foráiltear le halt 24(1A) d'Acht 1997 go gcaithfidh duine Ráiteas Síntiús/Dearbhú Reachtúil a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin, má thugann sé/sí, i mbliain ar leith, síntiúis os cionn €5,078.95, agus a luach áirithe le chéile, do bheirt nó níos mó a bhí ina gcomhaltaí den pháirtí polaitíochta céanna nuair a tugadh na síntiúis, nó do pháirtí polaitíochta, agus do dhuine amháin nó níos mó dá chomhaltaí. Caithfear mionsonraí ar na síntiúis agus ar na daoine dár tugadh iad a bheith sa Ráiteas Síntiús/Dearbhú Reachtúil, agus caithfear iad a chur ar fáil faoi 31 Eanáir den bhliain dar gcionn.

Fuarthas Ráitis Síntiús ón Uas. Michael Madden, Baile Uí Mhacháin, an Port Rua, an tAonach, Co.Thiobraid Árann an 28 Eanáir 2010 agus ón Uas. Declan Kelly, Baile an Chaisleáin, an Port Rua, an tAonach, Co.Thiobraid Árann an 2 Feabhra 2010.

Nochtadh 3 shíntiús ar leithligh i Ráiteas Síntiús an Uas. Madden, arbh fhiú €5,800 san iomlán iad agus a tugadh do Pháirtí an Lucht Oibre agus dá chomhaltaí i rith 2009. Nochtadh 3 shíntiús ar leithligh i Ráiteas Síntiús an Uas. Kelly, arbh fhiú €6,260 iad agus a tugadh do Pháirtí an Lucht Oibre agus dá chomhaltaí i rith 2009.

### **Síntiúis a nocht páirtithe polaitíochta**

Bhí 15 pháirtí polaitíochta cláraithe ar Chlár na bPáirtithe Polaitíochta i rith 2009 le dul san iomaíocht ag toghchán Dála nó Eorpach. Ceanglaíodh ar gach ceann de na páirtithe sin Ráiteas Síntiús a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin faoin 31 Márta 2010. B'éigean síntiúis a bhí os cionn luach comhlán €5,078.95 agus a fuarthas i rith 2009 a nochtadh. Is é uasluach na síntiús lenar féidir páirtí



polaitíochta glacadh ón duine céanna sa bhliain chéanna den fhéilire ná €6,348.69. Ní mór síntiúis arna bhfáil ón deontóir céanna sa bhliain chéanna den fhéilire a chomhbhailiú chun cloí leis na huasteorainneacha maidir le suim na síntiús is gá a nochtadh agus ar féidir glacadh leo. Ba é €76,617.05 luach iomlán na síntiús a nocht páirtithe i rith 2009, an tsuim is ísle dá nochtadh ó tugadh an ceanglas le hiad a nochtadh isteach 13 bliana ó shin. Níor nocht aon cheann de na trí phríomhpháirtithe polaitíochta aon síntiúis in 2009, fiú siúd is gur bhliain toghcháin a bhí ann (toghcháin Eorpacha, áitiúla agus fothoghcháin). Tá sonraí ar na síntiúis a nocht páirtithe polaitíochta i leith 2009 ar fáil i dtuarascáil a chuir an Coimisiún um Chaighdeáin ar fáil don Cheann Comhairle an 18 Bealtáine 2010. Tá an tuarascáil seo ar fáil ar shuíomh idirlín an Choimisiúin um Chaighdeáin freisin.

## **Maoirseacht ar an toghchán do Pharlaimint na hEorpa agus ar na fothoghcháin don Dáil**

Léirítear in dhá thuarascáil, a d'fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeáin an 23 Nollaig 2009 gur nocht iarrthóirí ag na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa beagnach €4M (€3,991,629) de chaiteachas san iomlán ag na toghcháin agus gur nocht iarrthóirí sa dá fhothoghchán don Dáil, Baile Átha Cliath Lár agus Baile Átha Cliath Theas, caiteachas €259,760. Maidir le hiarrthóirí nár éirigh leo sna toghcháin Eorpacha, nocht siadsan síntiúis ar luach €86,432 agus nocht iarrthóirí nár éirigh leo ag na fothoghcháin don Dáil síntiúis ar luach €16,571. Maidir leis na hiarrthóirí ar éirigh leo ag na toghcháin, nár ceanglaíodh orthu a gcuid ráiteas síntiús a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin go dtí 31 Eanáir 2010, nocht siadsan síntiúis €64,379.67 (Eorpach) agus €3,539.48 (Maureen O'Sullivan san fhothoghchán; níor nocht George Lee aon síntiúis). Tá na tuarascálacha ar fáil ar shuíomh idirlín an Choimisiúin um Chaighdeáin.

Theip ar cheathrar iarrthóirí sa toghchán do Pharlaimint na hEorpa – an tUas. Raymond O'Malley (Oirthear), an tUas. Jim Tallon (Oirthear), an tUas. John Francis Higgins (Iarthuaisceart) agus an tUas. Thomas King (Iarthuaisceart) - ráitis síntiús a chur isteach faoin spriocdháta reachtúil 31 Iúil 2009. Theip ar bheirt iarrthóirí sa toghchán do Pharlaimint na hEorpa - an tUas. John Francis Higgins agus an tUas. Jim Tallon – ráitis speansas toghcháin a chur isteach. Tar éis roinnt meabhrúchán a bheith eisithe, thug an Coimisiún um Chaighdeáin rabhadh do na daoine sin go gcuimhneodh sé ar a gcásanna a chur ar aghaidh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí mura bhfaighfí a gcuid tuairisceán faoin 4 Eanáir 2010. Ina dhiaidh sin, chuir an tUas. John Francis Higgins an cháipéisíocht riachtanach isteach agus cuireadh na trí chás eile ar aghaidh chuig na Gardaí/an SIP an 12 Eanáir 2010. Chuir an tUas. Raymond O'Mally an cháipéisíocht riachtanach isteach an 18 Feabhra 2010.



Tá roinnt moltaí déanta ag an gCoimisiún um Chaighdeáin roimhe seo maidir leis na bealaí go bhféadfaí feabhas a chur ar na hAchtanna Toghcháin. Moladh ar leith atá déanta aige gur cheart athbhreithniú a dhéanamh ar fhad na tréimhse toghcháin sa chaoi is nach gcaithfear formhór an chaiteachais toghcháin roimh an tréimhse sin - .i. an tréimhse a gcaithfear cuntas a thabhairt i gcaiteachas lena linn. Tá sé tugtha dá aire ag an gCoimisiún gur saincheist mhór is ea úsáid a bheith á baint as cistí poiblí chun críocha toghcháin agus gur gá í a athmheas i bhfianaise athruithe a dhéanfar ar na dlíthe toghcháin amach anseo. Tá an moladh déanta aige freisin gur sárdheis atá i mbunú an Choimisiúin Toghcháin, a bhfuiltear a bheartú a dhéanamh, faoi mar atá leagtha amach sa chlár reatha don rialtas, le hathbhreithniú iomlán a dhéanamh ar an reachtaíocht.

## Tuairisceáin ó na hAonaid Chuntasaíochta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

Mar a cuireadh chun suntais i dTuarascálacha Bliantúla roimhe seo, bíonn deacrachtaí ag an gCoimisiún um Chaighdeáin fós maidir le maoirseacht a dhéanamh ar fhorálacha na reachtaíochta a bhaineann le haonaid chuntasaíochta (féach ar an sainmhíniú in Aguisín 3).

Is cion é má theipeann ar dhuine freagrach aonaid chuntasaíochta Deimhniú Síntiús Airgid agus Ráiteas Bainc a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin faoin 31 Márta gach bliain. Ní chomhlíonann ach céatadán beag d'aonaid chuntasaíochta a gcuid ceanglas reachtúil maidir leis sin, faoi mar atá léirithe sa tábla seo a leanas. (Níl aonaid chuntasaíochta ag na páirtithe eile polaitíochta.) B'éigean an cháipéisíocht a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin faoin 31 Márta 2009.

Party	Líon na nAonad Cuntasaíochta	Seolta ar ais in am
Fianna Fáil	61	6
Fine Gael	46	18
An Comhaontas Glas	45	10
An Lucht Oibre	28	11
An Páirtí Daonlathach	27	4
Sinn Féin	15	4

Tar éis go leor meabhrúchán a bheith seolta chuig na haonaid chuntasaíochta eile, cuireadh cásanna na n-aonad cuntasaíochta seo a leanas, nach raibh an cháipéisíocht

reachtúil riachtanach curtha ar fáil acu fós, ar aghaidh chuig na Gardaí an 28 Deireadh Fómhair 2009.

<b>Páirtí</b>	<b>Aonaid Chuntasaíochta</b>
Fine Gael	Corcaigh Thiar Theas, Baile Mhic Eileagóid (Ciarraí Thuaidh/Luimneach Thiar); Port Láirge
An Comhaontas Glas	Corcaigh Lár Theas; Cill Mhantáin
An Páirtí Daonlathach	Baile Átha Cliath Thuaidh (Mullach Íde); Mí Thoir
Sinn Féin	Delaney/O'Rahilly (Cill Mhantáin); Cumann Clarke/McVerry/O'Neill (An Baile Breac)

Chuir ceithre aonad cuntasaíochta na cáipéisí ábhartha ar fáil tar éis do na Gardaí an scéal a fhiosrú agus níltear ag leanúint leo a thuilleadh. Chuir na 5 aonad eile, atá liostaithe thíos, na cáipéisí ar fáil ar na dátaí a thaispeántar – beagnach bliain iomlán déanach.

<b>Páirtí</b>	<b>Aonaid Chuntasaíochta a bhí fágtha</b>	<b>Cáipéisíocht curtha ar fáil</b>
Fine Gael	Corcaigh Thiar Theas; Port Láirge	11 agus 12 Feabhra 2010
An Comhaontas Glas	Cill Mhantáin	3 Márta 2010
An Páirtí Daonlathach	Mí Thoir	19 Márta 2010
Sinn Féin	Delaney/O'Rahilly (Cill Mhantáin)	5 Márta 2010

Is údar inní don Choimisiún um Chaighdeáin gur cosúil gur beag aird a thugann ár bpríomhpháirtithe polaitíochta ar Acht de chuid an Oireachtais ina leagtar amach an chaoi a bhfuil síntiúis d'aonaid dá bpáirtithe le tuairisciú don Choimisiún um Chaighdeáin. Is údar inní freisin, chomh maith le hiarrachtaí Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeáin, gurbh éigean iarraidh ar na Gardaí na hacmhainní tearca atá acu a úsáid chun a chinntiú go seoltar gnáthcháipéisíocht chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin. Tá faoin gCoimisiún um Chaighdeáin cásanna maidir le haonaid chuntasaíochta nach gcomhlíonann a n-oibleagáidí a chur ar aghaidh chuig na Gardaí níos luaithe amach anseo agus is oth leis go mb'fhéidir go n-úsáidfear níos mó acmhainní de chuid na nGardaí fós lena chinntiú go gcomhlíonfaidh na páirtithe polaitíochta an reachtaíocht.

## Triú Páirtithe

Má fhaigheann tríú páirtí (féach ar an sainmhíniú in Aguisín 3) síntiús os cionn luach €126.97, ní mór dó clárú leis an gCoimisiún um Chaighdeáin agus bíonn sé faoi

réir na rialacha céanna maidir le bheith ag glacadh le síntiúis is a bhíonn páirtithe polaitíochta.

Ní mór do thríú páirtí, faoin 31 Márta gach bliain, na nithe seo a leanas a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin -

- ráiteas bainc ón bhforas airgeadais ina gcoinnítear a chuntas síntiús polaitíochta, agus,
- Deimhniú Síntiús Airgid/Dearbhú Reachtúil lena ndearbhaítear gur taisceadh gach síntiús sa chuntas sin agus gur úsáideadh íocaíochtaí ón gcuntas chun críocha polaitíochta.

Ceann de na príomhdhifríochtaí idir tríú páirtí agus páirtí polaitíochta, ó thaobh cúrsaí síntiús, ná nach mbíonn sé d'oibleagáid ar thríú páirtí Ráiteas Síntiús/Dearbhú Reachtúil a chur isteach, agus go mbíonn ar pháirtí polaitíochta ceann a chur isteach.

I mí an Mhárta 2009, scríobh an Coimisiún um Chaighdeáin chuig na naoi dtríú páirtí a bhí ann in 2008 (Pro Life Campaign; Immigration Control Platform; PANA agus Campaign Against EU Constitution; CÓIR; Democratic Alliance; Irish Alliance for Europe; The National Platform; Libertas and Tipperary Against The Lisbon Treaty) chun Deimhniú Síntiús Airgid/Dearbhú Reachtúil agus ráiteas bainc a lorg i ndáil lena gcuntais síntiús polaitíochta.

Chuir sé chinn de thríú páirtithe Deimhniú Síntiús Airgid/Dearbhú Reachtúil agus ráitis bhainc ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin. Dhearbhaigh dhá thríú páirtí i scríbhinn nach raibh aon ghníomhaíocht sna cuntais síntiús polaitíochta in 2008.

Cuireadh cás maidir le tríú páirtí amháin, The Irish Alliance for Europe, ar aghaidh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (SIP) an 28 Bealtaine 2009 toisc gur theip ar an bpáirtí Deimhniú Síntiús Airgid/Dearbhú Reachtúil a chur ar fáil faoin 31 Márta 2009. Ba é an tUas. Brendan Kiely an “duine freagrach” (.i. an duine a bhí freagrach as gnóthaí eagrúcháin, bainistíochta nó airgeadais an tríú páirtí sin). Tar éis don chás a bheith curtha ar aghaidh chuig an SIP, chuir an tUas. Kiely Deimhniú Síntiús Airgid/Dearbhú Reachtúil agus ráiteas bainc ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin an 31 Lúnasa 2009. Scríobh an Coimisiún um Chaighdeáin chuig an SIP ina dhiaidh sin á chur ar an eolas go bhfuarthas an cháipéisíocht. Dhearbhaigh an Garda Síochána i litir dar dáta an 4 Márta 2010 gur ordaigh an SIP nár chóir go bhfeidhmeofaí aon ionchúiseamh sa chás sin.

Chláraigh 35 Tríú Páirtí nua don dara reifreann maidir le Conradh Liospóin a ritheadh an 2 Deireadh Fómhair 2009. Bhí na tuairisceáin reachtúla ó na Tríú Páirtithe sin le cur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeán faoin 31 Márta 2010.

### **Maoiniú páirtithe polaitíochta ag an Státchiste**

Déantar socrú leis na hAchtanna Toghcháin agus leis an Acht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú) 2001 (an tAcht um Liúntas Ceannairí Páirtí) maidir le maoiniúchán ón Státchiste do pháirtithe polaitíochta cáilithe. Íocadh maoiniúchán €13,603,262.56 le páirtithe polaitíochta cáilithe san iomlán in 2009 faoi na hAchtanna Toghcháin agus faoin Acht um Liúntas Ceannairí Páirtí. Tá tuarascálacha maidir leis an maoiniúchán a fuair páirtithe faoin dá pháosa reachtaíochta ar fáil ar shuíomh idirlín an Choimisiúin um Chaighdeán.



Aguisíní

## Aguisín I: Costais in 2009

Leagtar amach an caiteachas a cuireadh síos don Choimisiún um Chaighdeán in 2009 sa tábla thíos. Taispeántar na figiúir i gcomhair 2008 freisin ionas go mbeifear in ann comparáid a dhéanamh. Déantar socrú don chaiteachas i bhFocheann B de Vóta 18 [Ombudsman].

Rinneadh an focheann maidir le Táillí Sainchomhairliúcháin a dheighilt in 2009 sa chaoi is go léireofaí Táillí Dlí agus Táillí Sainchomhairliúcháin eile ar leithligh.

	<b>2009</b> € ,000	<b>2008</b> € ,000
Tuarastail Foirne	685	691
Taisteal agus Costais	3	5
Speansais Theagmhasacha	65	132
Teileachumarsáidí Postais	19	21
Innealra Oifige agus Soláthairtí		
Eile Oifige	39	86
Áitreabh Oifige	30	61
Táillí Sainchomhairliúcháin	8	37
Táillí Dlí	6	N/A
<b>Iomlán</b>	<b>855</b>	<b>1,033</b>

## **Aguisín 2: Foilseacháin de chuid an Choimisiúin um Chaighdeáin in 2009**

1. Tuarascáil – Ráiteas Síntiús a chuir deontóir aonair ar fáil (an tUas. Patrick O'Meara) **(Márta 2009)**
2. Tuarascáil – Tríú Páirtithe agus an Reifreann maidir le Conradh Liospóin **(Márta 2009)**
3. Tuarascáil – Síntiús a nocht TDanna, Seanadóirí agus FPEanna i gcomhair 2008 **(Aibreán 2009)**
4. Treoirínite maidir le Toghcháin Eorpacha 2009 **(Bealtaine 2009)**
5. Nóta Míniúcháin - Caiteachas ag Toghcháin Eorpacha 2009 **(Bealtaine 2009)**
6. Treoirínite maidir leis na Fothoghcháin don Dáil i mBaile Átha Cliath Lár agus Baile Átha Cliath Theas **(Bealtaine 2009)**
7. Nóta Míniúcháin – Caiteachas i bhFothoghcháin 2009 don Dáil i mBaile Átha Cliath Lár agus Baile Átha Cliath Theas **(Bealtaine 2009)**
8. Nóta Míniúcháin – Rannpháirtíocht tríú páirtithe sna Toghcháin Eorpacha agus i bhFothoghcháin 2009 don Dáil **(Bealtaine 2009)**
9. Tuarascáil Bhliantúil 2008 **(Meitheamh 2009)**
10. Tuarascáil don Cheann Comhairle maidir le síntiús arna bhfáil ag páirtithe polaitíochta in 2008 a nochtadh **(Meitheamh 2009)**
11. Tuarascáil - Maoiniúchán Stáitchiste arna fháil ag Páirtithe Polaitíochta i gcomhair 2008 **(Meitheamh 2009)**
12. Treoirínite maidir le forálacha na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001 a chomhlíonadh Fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí (7ú hEagrán) **(Deireadh Fómhair 2009)**
13. Tuarascáil don Cheann Comhairle maidir le Toghcháin Eorpacha an 5 Meitheamh 2009 **(Nollaig 2009)**
14. Tuarascáil don Cheann Comhairle maidir le Fothoghcháin Bhaile Átha Cliath Lár agus Bhaile Átha Cliath Theas an 5 Meitheamh 2009 **(Nollaig 2009)**
15. Treoirínite maidir le Fothoghcháin 2009 don Seanad **(Nollaig 2009)**

## **Aguisín 3: Gluais Téarmaí**

### **Aonad cuntasáíochta**

Is éard is "aonad cuntasáíochta" páirtí polaitíochta ann ná craobh nó fo-eagraíocht eile de chuid an pháirtí, a fhaigheann, in aon bhliain ar leith, síntiús ar luach os cionn €126.97. Ceanglaítear ar oifigeach cuí páirtí polaitíochta ainm agus seoladh gach aonaid chuntasáíochta de chuid an pháirtí, lena n-áirítear ainm “dhuine freagrach” an pháirtí, a sholáthar don Choimisiún um Chaighdeáin. (Is é an cisteoir nó aon duine eile a bhíonn freagrach as a bheith ag déileáil le síntiúis don aonad an duine freagrach.) (Alt 22(2)(aa) d’Acht Toghcháin 1997, arna leasú)

### **Cuideachta**

“ciallaíonn aon chomhlacht corpraithe” (Alt 2(1) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995)

### **Duine bainteach**

“Cinnfear aon cheist, maidir le cibé acu an bhfuil duine bainteach le duine eile, de réir na bhforálacha seo a leanas den mhír seo (glactar leis go gciallaíonn aon fhoráil go bhfuil duine amháin bainteach le duine eile go bhfuil an duine eile sin bainteach leis an duine a luadh ar dtús freisin) -

- (i) tá duine bainteach le pearsa aonair más duine muinteartha an duine sin leis an bpearsa aonair,
- (ii) tá duine, ina cháil nó ina cáil mar iontaobhaí iontaobhais, bainteach le pearsa aonair ar tairbhí den iontaobhas é nó í nó aon duine dá chuid leanaí nó dá cuid leanaí nó ar ina leith is tairbhí den iontaobhas aon chomhlacht corpraithe atá faoina rialú
- (iii) tá duine bainteach le haon duine a bhfuil sé nó sí i gcomhpháirtíocht leis nó léi;
- (iv) tá cuideachta bainteach le duine eile má bhíonn an chuideachta sin faoi rialú an duine sin nó má bhíonn an chuideachtaí faoi rialú an duine sin in éineacht le daoine atá bainteach leis an duine sin,
- (v) caithfear le haon bheirt nó níos mó a ghníomhaíonn le chéile chun rialú a dhaingniú nó a dhéanamh ar chuideachta, mar dhaoine atá bainteach le chéile i ndáil leis an gcuideachta sin, agus bainteach le haon duine a ghníomhaíonn ar orduithe aon duine acu chun rialú a dhaingniú nó a dhéanamh ar an gcuideachta”. (Alt 2(2)(a) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995)

### **Rialú**

“tá an bhrí leis a shanntar dó le hAlt 157 den Acht Cánach Corparáide 1976, arna leasú, agus forléireofar aon fhocail ghaolmhara dá réir” (alt 1, an tAcht um Eitic in



Oifigí Poiblí 1995). Tagraítear in alt 157 den Acht Cánach Corparáide 1976 d'alt 102 den Acht sin faoi seach, a athachtaíodh ina dhiaidh sin in alt 432 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, lena bhforáiltear -

“measfar cuideachta a bheith faoi rialú duine má dhéanann sé rialú nó má tá ar a chumas rialú a dhéanamh, go díreach nó go neamhdhíreach, ar ghnóthaí na cuideachta, nó má tá sé i dteideal an rialú sin a fháil, agus go háirithe, ach gan dochar do ghinearáltacht na bhfocal sin roimhe seo, má shealbhaíonn sé nó má bhíonn sé i dteideal go bhfaigheadh sé—

- (a) an chuid is mó de scairchaipiteal nó de scairchaipiteal eisithe na cuideachta nó den chumhacht vótála sa chuideachta; nó
- (b) cibé cuid de scairchaipiteal eisithe na cuideachta a thabharfadh teideal dó, dá ndéanfaí ioncam uile na cuideachta a dháileadh iarbhír ar na rannpháirtithe (ar neamhshuim le haon chearta atá aige féin nó ag aon duine eile mar chreidiúnaí iasachta), an chuid is mó den méid a dáileadh amhlaidh a fháil; nó
- (c) cibé cearta a thabharfadh teideal dó, i gcás an chuideachta a fhoirceannadh nó in aon imthosca eile, an chuid is mó de shócmhainní na cuideachta a bheadh inchomhairimh an tráth sin le dáileadh ar na rannpháirtithe a fháil. (Alt 2(2)(a) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995)

### **Stiúrthóireacht Ainmnithe**

“i ndáil le comhlacht poiblí, ciallaíonn stiúrthóireacht fhorordaithe ar an gcomhlacht sin (Alt 2(1)(a) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995)

### **Post Ainmnithe**

“i ndáil le comhlacht poiblí, ciallaíonn post fostaíochta forordaithe sa chomhlacht sin (Alt 2(1)(a) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995)

### **Stiúrthóir**

“ciallaíonn stiúrthóir de réir bhrí Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 1990, ach áirítear leis, i gcás comhlachta phoiblí nach cuideachta é (de réir bhrí Acht na gCuideachtaí 1963) agus a shonraítear i bhfomhír (8), (9), (10), (11) nó (12), nó atá forordaithe chun críocha fhomhír (13), de mhír I den Chéad Sceideal, duine ar comhalta de é nó í nó ar comhalta é nó í d'aon bhord nó d'aon chomhlacht eile a rialaíonn, a bhainistíonn nó a riarann é, agus forléireofar aon fhocail ghaolmhara dá réir". (Alt 2(1)(a) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995)

### **Síntiús**

ciallaíonn síntiús “aon ranníocaíocht dá dtugann aon duine, cibé acu an comhalta de pháirtí polaitíochta é nó í nó nach ea, chun críocha polaitíochta...” [Ciallaíonn

“duine” pearsa aonair, comhlacht corpraithe nó comhlacht neamhchorpraithe daoine. Áirítear páirtí polaitíochta agus aon cheann dá chuid fo-eagraíochtaí le comhlacht neamhchorpraithe daoine.] Is féidir leis na nithe seo a leanas a bheith san áireamh le síntiús -

- (i) síntiús airgid (lena n-áirítear airgead a thugann páirtí polaitíochta do TD, do Sheanadóir nó do FPE nó d’iarrthóir ag toghchán);
- (ii) síntiús maoiné nó earraí;
- (iii) úsáid a bhaint as maoin nó as earraí saor in aisce;
- (iv) seirbhísí a sholáthraítear saor in aisce;
- (v) an difríocht idir praghas tráchtála agus an praghas (níos ísle) a ghearrtar ar mhaoin, ar earraí nó ar sheirbhísí;
- (vi) síntiús a fhaightear trí ranníocaíocht a thugtar don ghlanbhrabús ó imeacht tiomsaithe airgid arna eagrú ar mhaithe le hiarrthóir. (Alt 22(2)(a) d’Acht Toghcháin 1997, arna leasú)

### Leas Ábhartha

“Tá leas ábhartha i ní ag duine nó ag duine bainteach más rud é -

- (a) gurb é is toradh nó is éifeacht do dhuine do chomhlíonadh feidhme de chuid a oifige nó a hoifige, a stiúirtheoireachta, a phoist ainmnithe nó a poist ainmnithe nó a phoist nó a poist mar chomhairleoir speisialta, de réir mar a bheidh, nó
- (b) gurb é is toradh nó is éifeacht d’aon chinneadh arna dhéanamh i ndáil leis an duine do chomhlíonadh feidhme den sórt sin nó i gcúrsa an duine sin do chomhlíonadh feidhme den sórt sin nó de thoradh an duine sin feidhm den sórt sin a chomhlíonadh,

go dtabharfaí sochar suntasach don duine nó don duine bainteach nó go gcoimeádfaí tairbhe shuntasach siar ón duine nó ón duine bainteach gan í a thabhairt freisin, nó gan í a choimeád siar freisin, do dhaoine i gcoitinne nó uathu nó d’aicme daoine nó ó aicme daoine atá sách líonmhar ag féachaint do na cúinsí go léir agus ar duine den aicme sin an duine nó an duine bainteach”. (Alt 2(3) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995)

(NB. tá feidhm ag an sainmhíniú seo seachas i ndáil le leas ábhartha comhalta de chuid an Oireachtais in imeachtaí an Oireachtais a bhfuil feidhm ag forálacha alt 7(3) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 maidir leo.)

### Sealbhóir Oifige

Aire Rialtais; Aire Stáit; an tArd-Aighne, an Ceann Comhairle, an Leas-Cheann Comhairle, Cathaoirleach Sheanad Éireann agus Leas-Chathaoirleach Sheanad Éireann (Alt 2(1) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995)

### **Gníomh sonraithe**

gníomh nó neamhghníomh arb amhlaidh é, nó na himthosca a bhaineann leis, go bhfuil sé ar neamhréir leis an duine sonraithe do chomhlíonadh go cuí fheidhmeanna na hoifige nó an phoist ar faoina treo nó faoina threo sin is duine den sórt sin é nó í nó go bhfuil sé ar neamhréir le muinín an phobail ghinearálta i bhfeidhmíocht den sórt a choinneáil ar bun, agus go mbaineann tábhacht poiblí suntasach leis an scéal. (Alt 4(1)(a) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 2001)

### **Duine Sonraithe**

sealbhóir oifige nó sealbhóir oifig an Ard-Aighne nach bhfuil ina c(h)omhalta den Oireachtas; comhairleoir speisialta; stiúrthóir ainmnithe nó fostaí ainmnithe comhlachta poiblí; stiúrthóir nó fostaí comhlachta poiblí. (Alt 4(6)(a) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 2001)

### **Triú Páirtí**

sainmhínítear “triú páirtí” mar aon duine, seachas páirtí polaitíochta nó iarrthóir i dtoghchán, a ghlacann, i mbliain ar leith, le síntiús os cionn luach €126.97.

(Meastar gur ranníocaíocht chun críocha polaitíochta í ranníocaíocht a thugtar mar thacaíocht d’fheachtas ag reifreann. (Alt 22(2)(aa) d’Acht Toghcháin 1997, arna leasú)

## **Aguisín 4: Moltaí le haghaidh athruithe**

Ina Thuarascálacha Bliantúla roimhe seo, rinne an Coimisiún um Chaighdeán achoimre ar a mholtaí le haghaidh athruithe ar an reachtaíocht um eitic agus toghcháin. Déantar achoimre ar na príomh-mholtaí san Aguisín seo, in éineacht leis an scéal is déanaí maidir le haon dul chun cinn a d'fhéadfadh a bheith tarlaithe idir an dá linn. Tagraítear do mhionmholtaí, amhail leasuithe teicniúla, i dtuarascálacha bliantúla roimhe seo.

### **Leasuithe a mholtar a dhéanamh ar na hAchtanna um Eitic agus ar reachtaíocht ghaolmhar**

- acht cuimsitheach lena gcomhdhlúthófar na hAchtanna um Eitic agus gach reachtaíocht eile do dhéanamh socrú chun leasanna a nochtadh, chomh maith le forálacha gaolmhara d'oifigigh poiblí (Tuarascáil Bhliantúil 2009);
- dlí cuimsitheach maidir le gníomhartha éigearta a nochtadh ar mhaithe le leas an phobail agus maidir le cosaint a thabhairt do dhaoine a dhéanann amhlaidh (Tuarascáil Bhliantúil 2009);
- na forálacha a leasú maidir le gearáin faoi 'ghníomh sonraithe' sa chaoi is go gceadófar tagairt do ráiteas ardleibhéal faoi na prionsabail eitice atá le leanúint ag fostaithe sa tseirbhís poiblí agus ag ionadaithe poiblí (Tuarascáil Bhliantúil 2009);
- leasú ar an sainmhíniú ar 'dhuine bainteach' sa chaoi is go bhforálfar gur "duine atá bainteach" le cuideachta duine atá ina stiúrthóir ar an gcuideachta sin agus gur "daoine atá bainteach" leis an duine sin freisin stiúrthóirí eile na cuideachta sin (Tuarascáil Bhliantúil 2009);
- ceanglas go nochtófar dliteanais mar 'leasanna incláraithe' (Tuarascáil Bhliantúil 2009);
- cumhacht Oifigeach Fiosrúcháin a cheapadh chun réamhfhiosrúchán a dhéanamh maidir le cás nach bhfuil gearán ina leith déanta faoi na hAchtanna um Eitic (Tuarascáil Bhliantúil 2004);
- foráil go ndéanfaí socrú go mbeidh córam nach lú ná tríúr comhaltaí (lena n-áirítear an Cathaoirleach i ngach cás) ann le himscrúdú a éisteacht faoi na hAchtanna um Eitic (Tuarascáil Bhliantúil 2008);
- moladh go dtionscnófaí tairiscintí i dTithe an Oireachtais chun Cathaoirligh ar Choistí Oireachtais a ainmniú mar shealbhóirí oifige chun críocha na nAchtanna um Eitic (Tuarascáil Bhliantúil 2005); Chinn an tAire Airgeadais gan na rúnta a thairiscint. (Tuarascáil Bhliantúil 2008);

- leasuithe ar na teorainneacha ama ar laistigh díobh a bhfuil dearbhuithe reachtúla, deimhnithe imréitigh cánach agus ráitis iarratais le déanamh nó le heisiúint agus le cur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin ag comhaltaí tofa agus ag daoine a cheaptar i bpoist shinsearacha agus i stiúirthóireachtaí sa tseirbhís phoiblí. Leasaítear, leis an Acht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2008, an spriocdháta ó mhí amháin go dtí trí mhí, maidir le dearbhú reachtúil a chaithfidh duine a dhéanamh sa chás go moltar go gceapfaí in oifig bhreithiúnach é nó í. Tá foráil cosúil léi siúd ag teastáil le haghaidh comhaltaí tofa agus fostaithe sinsearacha sa tseirbhís phoiblí. (Tuarascáil Bhliantúil 2003);
- cód iompraíochta a ghlacadh d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí agus do chomhaltaí ar bhoird stáit sa tseirbhís phoiblí ar bhonn níos leithne (Tuarascáil Bhliantúil 2003).

### Leasuithe a mholtar a dhéanamh ar na hAchtanna Toghcháin

- Mar an comhlacht a bhfuil freagracht air as maoirseacht a dhéanamh ar na hAchtanna Toghcháin, ba chóir go mbeadh bonn reachtúil ag an gCoimisiún um Chaighdeáin le hathbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht agus a thorthaí a thuairisciú. (Athbhreithniú ar na hAchtanna Toghcháin, 2003);
- Is gá ailt áirithe den Acht a leasú ionas go gcuirfear san áireamh go mbíonn a gceanglais tuairisceoireachta féin ar chomhaltaí na n-údarás áitiúil agus ar iarrthóirí ag toghcháin áitiúla faoin Acht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh) 1999, arna leasú. (Athbhreithniú ar na hAchtanna Toghcháin, 2003);
- Ba chóir cuimhneamh ar roinnt cuntasachta a fhorchur, i gcomhthéacs na dtéorainneacha caiteachais, i leith tréimhse sonraithe roimh thús na tréimhse toghcháin arna sainmhíniú leis an dlí (.i. go bhféadfaí síneadh ama a chur leis an tréimhse toghcháin ionas go n-áireofaí tréimhse roimh lánscor na Dála nó sula dtáirgtear eascaire ag toghchán). (Athbhreithniú ar na hAchtanna Toghcháin, 2003);
- Níor chóir an sainmhíniú ar a bhfuil i gceist le "tríú páirtí" a chinneadh ar bhonn cé acu an bhfuair pearsa aonair/grúpa síntiús ach ba chóir go mbeadh an fócas ar chaiteachas ag pearsana aonair/ag grúpaí agus ar iad a mheas mar thríú páirtithe má bhíonn futhu caiteachas a tharraingt orthu féin os cionn tairseach áirithe, abair €5,000, i ndáil le feachtas atá chun críocha polaitíochta faoi mar a shainmhíniú sa reachtaíocht. (Athbhreithniú ar na hAchtanna Toghcháin, 2003 agus Tuarascáil 2009 maidir le tríú páirtithe ag an Reifreann maidir le Conradh Liospóin);
- Ba chóir an próiseas clárúcháin do "thríú páirtithe" agus do "dhaoine eile" (a bhfuil futhu speansais toghcháin a tharraingt orthu féin) a chónascadh. (Níor

chóir go mbeadh aon ghá ann go gcláródh pearsa aonair/grúpa mar “thríú páirtí” agus go gcláródh an duine/grúpa mar “dhuine eile” freisin.) (Athbhreithniú ar na hAchtanna Toghcháin, 2003);

- Ba chóir cuimhneamh ar theorainn a fhorchur ar shuim an chaiteachais a fhéadfaidh tríú páirtí/"duine eile" a tharraingt orthu féin ag toghchán. Mar shampla, má bhíonn "tríú páirtí"/"duine eile" ag cur in éadan iarrthóir áirithe ag toghchán, níor chóir go rachfadh suim an chaiteachais gur féidir leis an “tríú páirtí"/"duine eile” a tharraingt air/uirthi féin os cionn na teorainne reachtúla caiteachais is infheidhme i leith an iarrthóra sin. (Athbhreithniú ar na hAchtanna Toghcháin, 2003);
- Le cothrom na féinne idir iarrthóirí a chinntiú, chomh maith le roinnt trédhearcachta, ba chóir go mbeadh úsáid cistí poiblí chun críocha toghcháin ina cuid den chód toghcháin seachas mar chuid de reachtaíocht eile, ar rí-léir go ngabhann cuspóir ar leithligh ar fad léi. Chaithfí na forálacha, lena bpléitear le soláthar seirbhísí agus áiseanna tar éis lánscore Dháil Éireann ag Coimisiún Thithe an Oireachtais [(Alt 4(4A) den Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais 2003 (a cuireadh isteach leis an Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais 2006) (arb é Alt 4(c) den Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú) 2009) anois é], a aisghairm dá bharr sin. (Tuarascáil maidir le holltoghchán 2007 don Dáil);
- Ba cheart go gceadófaí tríú páirtithe a chlárú le haghaidh feachtas ar leith nó ar bhonn leanúnach. (Tuarascáil 2009 maidir le tríú páirtithe ag an Reifreann maidir le Conradh Liospóin 2008);
- Ba chóir go n-éileofaí socrú maidir leis an trédhearcacht i maoiniúchán agus i gcaiteachas ar fheachtais reifrinn, ba chóir go gceanglófaí ar thríú páirtithe agus ar pháirtithe polaitíochta mionsonraí caiteachais ar fheachtais reifrinn a nochtadh. Ar an gcaoi chéanna, ba chóir go gcuirfí faisnéis ar fáil maidir leis na foinsí maoiniúcháin atá ar fáil do thríú páirtithe agus do pháirtithe polaitíochta araon. (Tuarascáil 2009 maidir le tríú páirtithe ag an Reifreann maidir le Conradh Liospóin 2008);
- Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar smachtbhannaí a ghearrtar mura gcomhoibrítear leis an gCoimisiún um Chaighdeán. Ba chóir go mbeadh sé ina chion, ach go háirithe, loiceadh comhoibriú le fiosrúcháin arna ndéanamh ag an gCoimisiún um Chaighdeán faoi alt 4(4) den Acht. (Tuarascáil 2009 maidir le tríú páirtithe ag an Reifreann maidir le Conradh Liospóin 2008);

### **Leasú a mholtar a dhéanamh ar an reachtaíocht maidir leis an Liúntas Ceannairí Páirtí**

- Ba cheart go mbeadh an Coimisiún um Chaighdeán nó an tAire Airgeadais in ann treoirínite a fhoilsiú nó comhairle a thabhairt maidir leis an úsáid chuí atá le baint as an Liúntas Ceannairí Páirtí agus ba cheart go mbeadh treoirínite agus comhairle den sórt sin ina gceangal dlí ar na daoine a bhfuil feidhm acu maidir leo. (Tuarascáil Bhliantúil 2007)